



An Bord Pinsean
The Pensions Board

Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais 2010

www.anbordpinsean.ie

Clár Ábhair

Ról agus feidhmeanna An Bhoird Phinsean	2
Ráiteas misin	2
Ráiteas an Chathaoirligh	3
Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh	5
An Bord Pinsean	7
Mairsiú	
Rialáil	8
Seirbhísí dlí, achtúireacha agus beartais	12
Seirbhísí faisnéise agus fiosrúcháin	13
Seirbhísí corparáideacha	15
Foireann an Bhoird Phinsean	16
Ráitis airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2010	
Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste	18
Ráiteas ar dhualgais an Bhoird	20
Ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais	21
Ráiteas na mbeartas cuntasáíochta	22
Cuntas ioncaim agus caiteachais	23
Clár comhardaithe	24
Ráiteas faoi shreabhadh airgid	25
Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais	26

Ról agus feidhmeanna An Bhoird Pinsean

Bunaíodh an Bord Pinsean faoi fhorálacha Acht na bPinsean, 1990, arna leasú, (“An tAcht”) mar chomhlacht ionadaíoch, ar a bhfuil cathaoirleach agus 16 ghnáthbhall ceaptha ag an Aire Coimirce Sóisialaí.

Sainmhíniú an tAcht feidhmeanna an Bhoird mar seo a leanas:

- monatóireacht agus maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmiú Acht na bPinsean agus forbairt pinsean go ginearálta, lena n-áirítear Conarthaí iontaobhais Blianachta Scoir (CBSanna) agus Cuntais Choigiltis Scoir Pearsanta (CCSP)
- treoirlínte nó nótaí treoracha a eisiúint ar dhualgais agus freagrachtaí de chuid iontaobhaithe na scéimeanna agus na gcód cleachtais maidir le gnéithe sonracha dá gcuid freagrachtaí
- treoirlínte nó nótaí treoracha ginearálta a eisiúint bunaithe ar fheidhmiú Acht na bPinsean
- spreagadh agus tacaíocht a thabhairt do sholáthar áiseanna feiliúnacha oiliúna d’iontaobhaithe na scéimeanna
- comhairle a chur ar an Aire faoi na nithe uile a bhaineann le feidhmeanna bronnta ar an mBord faoin Acht agus nithe a bhaineann le pinsin go ginearálta, mar aon le tascanna a d’fhéadfadh an tAire a lorg, ó am go ham.

Ráiteas misin

An misean atá ag an mBord Pinsean ná:

- slándáil agus cosaint chomhaltaí na scéimeanna pinsean gairme, RACanna iontaobhais agus ranníocóirí le CCSPanna a chur chun cinn de réir an Achta
- cur chun cinn a dhéanamh ar fhorbairt struchtúr éifeachtach náisiúnta pinsean
- cur chun cinn a dhéanamh ar leibhéal rannpháirtíochta sa chóras náisiúnta pinsean a chuireann ar chumas gach saoránach ioncam scoir leordhóthanach a bheith acu
- faisnéis agus treoir údarásach a chur ar fáil do na páirtithe ábhartha maidir le slándáil, struchtúir agus rannpháirtíocht pinsean.



Ráiteas an Chathaoirligh

Cúis áthais dom, de réir Alt 23 d'Acht na bPinsean, 1990, Tuarascáil Bhliantúil an Bhoird Pinsean a sholáthar don bhliain dar críoch 31 Nollaig 10.

I rith 2010 lean an Bord agus an feidhmeannas ar aghaidh ag obair leis an Roinn Coimirce Sóisialaí agus an Rialtas chun buntaca a chur le soláthar pinsean cobhsaí le linn tréimhse neamhchinnteachta airgeadais idirnáisiúnta, trí rialáil, comhairle bheartais a sholáthar agus trí bheith ina bhfoinse faisnéise oibiachtúla agus ábhartha d'iontaobhaithe, do chomhaltaí na scéimeanna pinsean gairme agus don phobal i gcoitinne. Táim ag súil lenár rannpháirtíocht ghníomhach i bhforfeidhmiú an Chreata Náisiúnta Pinsean, a sheol an Rialtas i Márta 2010. Leanfaidh an obair seo ar aghaidh i rith 2011.

Tréimhse ar ábhar buartha í seo do chomhaltaí, d'fhostóirí agus d'iontaobhaithe na scéimeanna pinsean gairme agus do phinsin i gcoitinne. Tá éifeacht an chúlaithe ar fhostaíocht soiléir ón líon daoine atá rannpháirteach i scéimeanna pinsean gairme.

Is léir ón Tuarascáil Bhliantúil gur laghdaíodh an líon scéimeanna gníomhacha sochair shainithe a bhí cláraithe leis an mBord i rith 2010 ó 1,307 go 1,108. Tháinig laghdú ar an líon comhaltaí gníomhacha sna scéimeanna seo faoi 36,259 go 550,229 i rith 2010. Tháinig laghdú freisin ar líon na scéimeanna ranníocaíochta sainithe a bhí cláraithe leis an mBord i rith 2010 faoi 7,756 go 75,183. B'ionann ballraíocht iomlán na scéimeanna ranníocaíochta sainithe ag deireadh 2010 agus 259,732, laghdú 7,177 comhalta ón mbliain 2009. Tháinig méadú ar na conarthaí CCSP i bhfeidhm áfach, faoi 16,252 i rith 2010 go 187,114 le luach iomlán na sócmhainní cothrom le €2.74 billiún, méadú €690 milliún ón mbliain 2009. Is ábhar imní é an titim i mballraíocht na scéimeanna pinsean gairme i bhfianaise na tábhachta a bhaineann le coigiltis phearsanta le haghaidh scoir i dteannta leis an bpinsean Stáit. Is mórchéim ar gcúl í seo do phinsin agus d'fhéadfadh go mbeadh iarmhairtí marthanacha leis.

Is é an dúshlán leanúnach is suntasaí don Bhord ná comhlíonadh a chinntiú. Feidhmíonn beagnach gach duine atá bainteach le pinsin a sholáthar – iontaobhaithe, riarthóirí, soláthraithe CCSP, comhairleoirí gairmiúla agus fostóirí – de mheon macánta agus go feadh a gcumas. Sa chás go n-eascaíonn fadhbanna de thoradh earráidí dáiríre, bíonn sé de thosaíocht ag an mBord an cheist a réiteach agus dá bhrí sin, ní mór don Bhord a bheith dúthrachtach agus comhsheasmhach i gcónaí agus é i mbun a phríomhfheidhmeanna maoirseachta. Ní bheidh amhras ar bith ar an mBord, áfach, smachtbhannaí a fhorchur chomh fada le hionchúiseamh trí na Cúirteanna, nuair is cuí.

Cé gurb é comhlíonadh, seachas smachtbhannaí, cuspóir an Bhoird, a fhorchur, leanfaidh gníomhaíocht rialála an Bhoird le bheith bunaithe ar an dearcadh gur gné thábhachtach de chumhachtaí an Bhoird í smachtbhannaí a fhorchur agus go mbeadh caighdeán riaracháin agus rialachais níos ísle gan iad. Bhí tabhairt isteach fineálacha mar mhalairt ar ionchúiseamh i leith cionta sonraithe an-éifeachtach maidir le caighdeán riaracháin a ardú agus cultúr comhlíonta a chothú i ndáil le pinsin. Leanfaidh an Bord le hacmhainní a leithdháileadh chun imscrúdú a dhéanamh ar na cionta seo, go háirithe os rud é gur táscaire iad go minic go bhfuil fadhbanna níos tromchúisí ann.

Tacaíocht shuntasach d'acmhainn an Bhoird a chuid feidhmeanna rialála agus feidhmeanna eile a chomhlíonadh ba ea tairseach seirbhísí ar líne an Bhoird a seoladh i nDeireadh Fómhair 2010. Tá an Bord ag leanúint lena sheirbhísí ar líne a fhorbairt do chustaiméirí agus éascóidh an cumas chun sonraí scéime pinsean a chur faoi bhráid go leictreonach leibhéil comhlíonta níos fearr.

De réir thiomantas an Bhoird do thuiscint agus oideachas na n-iontaobhaithe scéime pinsean a fheabhsú sa bhreis, sheol an Bord a chóras r-fhoghlama le haghaidh oiliúna d'iontaobhaithe in Eanáir 2010. Tá an tionscnamh seo deartha chun freagairt do reachtaíocht nua a chuireann dualgas ar gach iontaobhaí scéime pinsean oiliúint a fháil gach dara bliain ar a laghad.


Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais 2010

Athdhearbháim an tuairim arna aibhsiú ag an mBord roimhe seo nach mór dóthain acmhainní a bheith ag rialtóirí atá ag feidhmiú san earnáil airgeadais, ar nós an Bord, ionas gur féidir leo maoirseacht éifeachtach a dhéanamh ar aonáin agus ar tháirgí rialaithe. Go háirithe, tá sé ríthábhachtach go mbeadh dóthain fostaithe leis an raon cuí saineolais ag rialtóirí chun tabhairt faoina gcuid feidhmeanna tábhachtacha. Fáiltím roimh an ceadú a fuarthas ón Roinn Coimirce Sóisialaí in Aibreán 2011 dháréag fostaí rialála breise a fháil don Bhord chun cur leis an bhfoireann cleachta agus oilte atá ann cheana.

Bhí sé de phléisiúr agam, ó ceapadh mar Chathaoirleach mé in Iúil, oibriú le comhaltaí an Bhoird atá ag dul as oifig, ar tháinig deireadh lena dtéarma oifige cúig bliana i Nollaig 2010. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt dá gcuid oibre crua agus don tiomantas atá léirithe acu le cúig bliana anuas agus rinneadh dul chun cinn suntasach lena linn. Bhí an-áthas orm gur athcheap an tAire Coimirce Sóisialaí mé chun a bheith i gceannas ar an mBord nua don tréimhse cúig bliana atá amach romhainn agus táim ag súil le bheith ag obair le mo chomhaltaí Boird agus le feidhmeannas an Bhoird agus buntaca á thabhairt againn do chóras pinsean a sholáthraíonn cumhdach leathan atá inbhuanaithe, sásúil agus iontaofa.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le foireann an Bhoird atá faoi cheannas an Phríomhfheidhmeannaigh, Brendan Kennedy, as ucht a gcuid gairmiúlachta, nuálaíochta, tiomantais, agus oibre crua le bliain anuas.

Ar deireadh, tá mé féin agus mo chomhaltaí Boird ag súil le bheith ag obair leis an Aire Coimirce Sóisialaí Joan Burton T.D. agus le hoifigigh sa Roinn Coimirce Sóisialaí agus sna Ranna Rialtais eile sna blianta atá romhainn.



Jane Williams
Cathaoirleach



Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh

Tá an staid maidir le pinsin in Éirinn fós tromchúiseach. Mar gheall ar imthosca geilleagracha reatha, is mór an deacracht a bhíonn ag coigilteoirí pinsean agus ag fostóirí urraíochta na ranníocaíochtaí is gá a dhéanamh chun na cailiteanais infheistíochta a tabhaidh in 2007-2009 a shlánú agus déileáil leis na costas atá de shíor ag ardú a bhaineann le sochar scoir a sholáthar, cé acu trí shochar sainithe nó socrúithe ranníocaíochta sainithe.

Sochar sainithe

Measann An Bord Pinsean go bhfuil easnamh i dtuairim is 75% de scéimeanna sochair shainithe ag 31 Nollaig 2010 agus go bhfuil easnamh substaintiúil i gceist i mórán cásanna. Le linn 2009 agus 2010, cheadaigh an Bord roinnt sintí leis na spriocdhátaí reachtúla maidir le tograí maoinithe a chur faoi bhráid. I lár Dheireadh Fómhair 2010, chuir an Bord an spriocdháta maidir le cur faoi bhráid pleananna aisghabhála maoinithe siar de bhun fhógra an Rialtais go gcuirfí dlús le hathbhreithniú ar gach saincheist i ndáil le sochar sainmhínithe a tarraingíodh anuas sa Chreat Náisiúnta Pinsean. Is cinneadh pragmatach déanta ag an mBord é spriocdháta an chaighdeáin mhaoinithe a chur ar fionraí d'fhonn deis a thabhairt do scéimeanna déileáil lena n-easnamh mhaoinithe. Tá sé ar intinn ag an mBord dáta leasaithe a shocrú chomh tapa agus is féidir.

Sa chás nach bhfuil sé déanta cheana féin, ní mór d'iontaobhaithe d'fhormhór na scéimeanna sochair shainithe pleananna aisghabhála a ullmhú agus i mórán cásanna, iad a chur faoi bhráid an Bhoird le haghaidh faofa. Ní mór go mbeadh dhá chuspóir ag baint leis na pleananna seo – na heasnamh scéime a dhíchur agus an scéim a chur ar bhonn cobhsaí ionas gur féidir le comhaltaí agus a gcleithiúnaithe a bheith réasúnta muiníneach go n-íocfar na sochair atá geallta.

Agus plean aisghabhála á bhreithniú, ní mór d'iontaobhaithe níos mó a dhéanamh ná an ráta íosta ranníocaíochta atá ag teastáil chun an t-easnamh a dhíchur a aithint. In ionad sin, ba chóir go mbreathnódh iontaobhaithe ar thodhchaí a gcuid scéime, ar a hionchais fhadtéarmacha, ar raon na rioscaí a bhaineann leis an scéim, agus ar na ranníocaíochtaí a bhfuil na comhaltaí agus an fostóir urraíochta toilteanach a dhéanamh. Ní mór d'iontaobhaithe a aithint go bhfuil comhchaidreamh idir an ráta ranníocaíochta, an beartas infheistíochta agus, nuair is cuí, athruithe ar struchtúr na sochar, agus is é an réiteach is

fearr ná ceann a cheadaíonn don scéim tabhairt faoi riosca infheistíochta iomchuí chun torthaí fadtéarmacha a bhaint amach gan riosca dá leithéid ag cur na sochar atá fabhráithe cheana féin ag comhaltaí i mbaol.

Is í an tsaincheist aonair is mó a bhaineann le scéimeanna in Éirinn ná riosca infheistíochta, agus is ionann teip an riosca seo a aithint agus a bhainistiú agus an chúis is mó a mbeidh níos lú airgid ag daoine ná mar a bhíodh ag súil leis agus iad ar scor. Is eol don Bhord go bhfuil scéimeanna sonracha ann ina bhfuil bearta déanta ag iontaobhaithe chun an riosca infheistíochta a chur i gcomhréir leis an méid a bhfuil an scéim in ann glacadh leis. I mórán cásanna, baineann sé seo le laghdú ar chomhréir na sócmhainní scéime atá infheistithe i ngnáthscaireanna. Aithníonn gach duine gur chóir athruithe den sórt sin a dhéanamh thar tréimhse réasúnta ama. Tá níos mó ná trí bliana caite ó cliseadh na margáí áfach, agus ní léirítear sna sonraí uile, sonraí sa Bhord nó in áiteanna eile araon, go bhfuil aon laghdú suntasach déanta ag scéimeanna in Éirinn ar nochtadh a gcuid gnáthscaireanna comhiomlána. An tátal dosheachanta atá le baint, i mórán cásanna, ná nach bhfuil aghaidh tugtha ag iontaobhaithe ar na saincheisteanna, agus go bhfuil siad fós ag cur sochar a gcomhaltaí i mbaol suntasach de chaillteanais bhreise.

Ranníocaíocht shainithe

Is ionann, i bhformhór na gcásanna, na cailiteanais a thabhaíonn comhaltaí de scéimeanna ranníocaíochta sainithe agus na cailiteanais a thabhaíonn comhaltaí de scéimeanna sochair shainithe, cé go dtugtar níos lú airde orthu sin de ghnáth. Dá bhrí sin, tá sé níos tábhachtaí ná riamh go gcomhlíonadh iontaobhaithe na scéimeanna ranníocaíochtaí sainithe a gcuid freagrachtaí uile ionas go mbainisteofaí coigiltis pinsean na gcomhaltaí chomh maith agus is féidir.

Níl oibleagáidí iontaobhaithe na scéimeanna ranníocaíochtaí sainithe chomh casta céanna le hoibleagáidí iontaobhaithe na scéimeanna sochair shainithe. Ach tá oibleagáidí ann, agus ní mór d'iontaobhaithe iad a chomhlíonadh. Ní mór d'iontaobhaithe a chinntiú go bhfuil na roghanna infheistíochta a chuirtear ar fáil do chomhaltaí oiriúnach, agus gur féidir na cumarsáidí a thuiscint. Ní mór don rogha infheistíochta réamhshocráithe a bheith oiriúnach freisin, agus ba chóir go lorgódh iontaobhaithe comhairle ar an ábhar seo.

Bíonn éifeacht shuntasach ag muirir scéime ar shochair scoir de chuid comhaltaí na scéimeanna ranníocaíochta sainithe, agus tá a lán scéimeanna ann ina bhfuil na muirir seo ard agus ba chóir iad a laghdú. Tá iontaobhaithe scéime freagrach as an scéim a reáchtáil ar mhaithe leis na comhaltaí, agus is léir go bhfuil gá ann go gcinnteoidís go gcoinnítear costais scéime ar leibhéal réasúnta. Tá an chuma ar an scéal, áfach, nach bhfuil iontaobhaithe de chuid an iomarca scéimeanna níos lú ag dul i mbun an ábhair thábhachtaigh seo.

Comhlíontacht

Tá an Bord dian agus é ag leanúint ar aghaidh le cásanna ina bhfuil ranníocaíochtaí pinsean na gcomhaltaí mídhílisithe ag an bhfostóir. Sa chás go dtarlaíonn sé seo, cé gur i líon beag cásanna a tharlaíonn sé, is é beartas an Bhoird ná cuideachtaí na bhfostóirí agus, nuair is cuí, na stiúrthóirí ina gcáil phearsanta araon a ionchúiseamh. Údar frustrachais do gach duine lena mbaineann an t-ábhar seo, laistigh agus lasmuigh den Bhord araon, go bhfuil sé mall, casta agus costasach na cásanna a ionchúiseamh, go háirithe os rud é go mbíonn sé fforshoiléir, de ghnáth, an méid atá tarlaite.

I gcaitheamh 2010, thosaigh an Bord ag déanamh iniúchtaí ar an láthair ar Riarthóirí Cláraithe. Cuid thábhachtach dár n-iarrachtaí chun a chinntiú go bhfuil taifid na scéimeanna pinsean iontaofa, agus go bhfaigheann comhaltaí na sochair a bhfuil siad ina dteideal, ná maoirseacht a dhéanamh ar na riarthóirí seo,. Cuirfear dlús leis na hiniúchtaí seo le linn na bliana 2011.

Táimid feasach ar na fadhbanna atá ann maidir le riarachán pinsean, agus ar na hiarrachtaí atá déanta déileáil le fadhbanna leagáide. De ghnáth, tá torthaí ár n-íniúchtaí tar éis a bheith sásúil, ach tá saincheistanna le réiteach agus leanfaimid orainn leis an obair thábhachtach seo.

An Eoraip

I Márta 2011, thóg Coimisiún na hEorpa na chéad céimeanna chun an Treoir IORPs a leasú, treoir an A.E. a rialaíonn formhór na bpinsean forlíontach san Eoraip, lena n-áirítear scéimeanna pinsean gairme in Éirinn. Próiseas fada agus casta a bheidh ann an Treoir IORPs a leasú, ach ní féidir aon amhras a bheith ann ach go mbeidh athruithe suntasacha i gceist do phinsin in Éirinn, pinsin shochair shainithe agus pinsin ranníocaíochta sainithe araon, mar thoradh air seo. D'fhreastalódh an tionscal pinsean in Éirinn níos fearr ar a chliant dá mbeadh sé eolach ar thograí an Choimisiúin, agus dá gcinnteodh sé go gcuireann an chomhairle a thugann sé dá chliant forbairtí dóchúla amach anseo san áireamh.

Oibríochtaí agus acmhainní

In Aibreán 2011, tugadh cead don Bhord dháréag fostaí rialála breise a earcú. Cuirtear fáilte roimh an ceadú seo agus aithníonn sé tábhacht agus suntasacht obair an Bhoird i ndáil le maoirseacht a dhéanamh ar choigiltis scoir. Tá aithne againn ar ár gcuid freagrachta chun an úsáid is fearr a bhaint as na hacmhainní breise agus chun ionchais ár ngeallsealbhoirí uile a chomhlíonadh.

Tuigimid ár gcuid freagrachta i leith an Bhoird a reáchtáil sa tslí is éifeachtúla ó thaobh costais de agus is féidir. Bhí farasbarr ag an mBord gach bliain ó 2003 i leith agus táim sásta, dá réir sin, a chur in iúl go raibh barrachas €486,000 ann sa bhliain 2010 mar thoradh ar chostais foirne laghdaithe agus ar chostais a laghdú, áit ar bith ab fhéidir. Tá obair laethúil an Bhoird á maoiniú tríd an scéim pinsean gairme agus táillí soláthraithe CCSP. Seachas an maoiniú a leithdháileann an Roinn Coimirce Sóisialaí ar an bhFeachtas Náisiúnta Feasachta Pinsean, ní fhaigheann an Bord maoiniú Stáitchiste ar bith.

I mí na Samhna 2010, chuir an Bord fáilte roimh ghlacadh an Aire lena mholadh gur cheart na táillí a ghearrtar ar scéimeanna pinsean a laghdú faoi 9.1% ón 1 Eanáir 2011. Is freagra é an laghdú seo ar na farasbairr atá carntha ag an mBord, agus tá sé ceaptha go mbeidh sé sealadach. Déanfar monatóireacht dhlúth ar leibhéal na dtáillí d'fhonn a chinntiú go bhfuil dóthain acmhainní airgeadais ar fáil ag an mBord. D'fhéadfadh go mbeadh sé riachtanach amach anseo cead a lorg ón Aire táillí a mhéadú.

Foireann agus comhaltaí an Bhoird Phinsean

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt d'obair chrua agus do thiomantas mo chomhghleacaithe uile atá ag obair ar an mBord – ba bhliain dúshlánach í 2010 agus ghníomhaigh siad le gairmiúlacht.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin le comhaltaí an Bhoird atá ag dul as oifig maidir lena gcúnaimh le linn ceann de na tréimhsí ba dhúshlánaí do phinsin in Éirinn. Ba mhaith liom fáilte a chur roimh chomhaltaí nua an Bhoird agus roimh an Cathaoirleach, agus táim ag súil le hoibriú ina dteannta chun feabhas a chur ar phinsin in Éirinn.



Brendan Kennedy
Príomhfheidhmeannach

An Bord Pinsean

Is comhlacht reachtúil é an Bord Pinsean ar a bhfuil cathaoirleach agus suas le 16 gnáthchomhalta. Ainneoin gurb é an tAire Coimirce Sóisialaí a cheapann na comhaltaí go léir de réir fhorálacha an Achta, ní mór go mbeadh ionadaithe ó na grúpaí seo a leanas i measc na gcomhaltaí – ceardchumann, fostóirí, leasanna tomhaltóirí, leasanna pinsinéirí, an Rialtas, an tionscal pinsean, iontaobhaithe comhaltaí agus grúpaí gairmiúla a bhfuil baint acu le socruithe pinsean.

Is é cúig bliana an téarma oifige do chomhaltaí an Bhoird. Is é an tAire atá freagrach as folúntais ócáideacha a líonadh, ar ainmniúchán an chomhlachta ábhartha ainmniúcháin, de réir mar is cuí. Coinníonn duine a líonann folúntas ócáideach oifig don chuid eile den tréimhse cúig bliana reatha.

Ar an 22 Nollaig 2010, d'fhógair an tAire ceapachán an Bhoird Pinsean a bheidh i mbun oifige ar feadh tréimhse cúig bliana idir 2010-2015.

Is iad seo a leanas comhaltaí an Bhoird:



Jane Williams
(Cathaoirleach)*
The Sia Group
Ainmní an Aire
Coimirce Sóisialaí



Rosalind Briggs**
Mercer
Ainmnithe ag Cumann
Achtúirí na hÉireann



Noreen Deegan
Friends First
Ainmnithe ag IBEC



Kevin Finucane
Willis Ireland
Ainmnithe ag Cumann na
nDlíodóirí Pinsean in Éirinn



Brendan Johnston
Zurich Life Assurance plc
Ainmnithe ag Cónaidhm
Árachais na hÉireann



An tOll. John McHale
Ollscoil na hÉireann
Ainmní an Aire Coimirce Sóisialaí
Ionadaí do leasanna tomhaltóirí



Patricia Murphy
An Roinn
Coimirce Sóisialaí
Ionadaí an Aire
Coimirce Sóisialaí



Terence Noone
Cuntasóirí Cairte DHKN
Ainmní an Aire
Coimirce Sóisialaí



Emer O'Flanagan**
O'Driscoll O'Neill Ltd
Ainmní an Aire
Coimirce Sóisialaí



Don O'Higgins
Cónaidhm Ghnólachtaí agus
Fhostóirí na hÉireann (IBEC)
Ainmnithe ag IBEC



Phelim O'Reilly
Attain Consulting Ltd
Ainmnithe ag Cumann
Cisté Pinsean na hÉireann



David Owens**
An Roinn Airgeadais
Ionadaí an Aire Airgeadais



Rachael Ryan
An Ceardchumann Seirbhísí,
Tionsclaíoch, Gairmiúil
agus Teicniúil
Ainmnithe ag Comhdháil
Cheardchumann na hÉireann



Mary Walsh
Cuntasóir Cairte
Ainmní an Aire
Coimirce Sóisialaí



Niall Walsh**
Deloitte
Ainmnithe ag Coiste
Comhairleach Comhlachtaí
Cuntasaoichta in Éirinn



Robin Webster
Age Action Ireland
Ainmní an Aire
Coimirce Sóisialaí
Ionadaithe do leasanna
pinsinéirí

Tinreamh ag cruinnithe Boid

Thaifead na comhaltaí a d'fhóin ar an mBord ó 1 Eanáir 2010 go 21 Nollaig 2010 tinreamh mar seo a leanas:

Tiarnan O Mahoney (6/6), Rosalind Briggs (7/9), Rosheen Callender (9/9), Julian Caplin (4/9), Marie Daly (7/9), John Dillane (7/9), Mary O'Donnell (7/9), Emer O'Flanagan (8/9), Michael O'Halloran (8/9), David Owens (8/9), Dr Orlaigh Quinn (7/9), Gerry Ryan (8/9), Michael Ryder (9/9), Dervla Tomlin (9/9), Mary Wade (8/9), Niall Walsh (7/9), Fergus Whelan (3/9), Jane Williams (3/3).

Ghabh Jane Williams ceannas ó Tiarnan O Mahoney mar Chathaoirleach ar 28 Meitheamh 2010.

* Athcheaptha mar Chathaoirleach

** Athcheaptha mar ghnáthchomhaltaí

Rialáil

Prionsabail na rialála níos fearr

Comhlíonann an Bord a ról rialála de réir na bprionsabal seo a leanas a leagtar amach sa Pháipéar Bán, “Rialáil Níos Fearr” arna fhoilsiú ag Roinn an Taoisigh sa bhliain 2004:

Simplíocht: Ba cheart do gach rialáil cosaint na gcomhaltaí a fheabhsú. Ba cheart go n-áireodh sé nádúr deonach na scéimeanna pinsean agus an gá atá le rialáil nach dímhólann soláthar reatha pinsean ná bunú soláthar nua pinsean.

Trédhearcacht: Tá an príomhfhreagracht maidir le dea-iompar na scéimeanna pinsean gairme dílsithe do na hiontaobhaithe. Cuireann an Bord béim ar nochtadh faisnéise d’fhonn cur ar chumas daoine aonair, a gceardchumainn agus comhairleoirí eile, monatóireacht a dhéanamh ar staid a gcuid socrúithe pinsean féin.

Comhréireacht: Is é ár mbeartas ná iarracht a dhéanamh comhlíonadh na riachtanas rialála a chinntiú gan gá a bheith le caingean dlí, ach go dtabharfar faoi a leithéid de chaingean más gá. Is iad leasa na gcomhaltaí scéime á gcead tosaíocht.

Éifeachtúlacht, éifeachtacht agus cothroime: Is iad na prionsabail ghinearálta d’éifeachtúlacht, d’éifeachtacht agus de chothroime atá mar bhonn lenár ngníomhaíochtaí uile.

Maoirseacht rialála

Trí úsáid a bhaint as na cumhachtaí atá aige faoi Acht na bPinsean, tá a chuid feidhmeanna rialála uile faoin Acht tarmilgthe ag an mBord chuig an bPríomhfheidhmeannach agus/nó comhaltaí eile de chuid an Fheidhmeannais. D’fhonn maoirseacht iomchúí ar fheidhmiú na gcumhachtaí seo a chinntiú, bhunaigh an Bord an Grúpa um Athbhreithniú Rialála (RRG), ar a bhfuil comhaltaí den Bhord agus den fheidhmeannas. Téann an Príomhfheidhmeannach i mbun comhairliúcháin leis an RRG sula ndéantar cinntí a bhaineann le tograí maoinithe a

fhaomhadh agus ionchúiseamh a dhéanamh. Tháinig an RRG le chéile ocht n-uaire sa bhliain 2010.

Tosaíochtaí maoirseachta

D’fhonn a chinntiú go bhfuil a chuid cleachtas rialála éifeachtúil tá cur chuige maoirseachta an Bhoird bunaithe ar ordlathas de thosaíochtaí riosca mar seo a leanas:

1. sócmhainní nó ranníocaíochtaí scéime nó CCSP a bheith á mídhísiú
2. teidlíochtaí sochair a bheith á ríomh go mícheart
3. scéimeanna sochair shainithe a bheith á maoiniú go neamhleor
4. infheistiú míchuí a bheith á dhéanamh ar shócmhainní pinsean
5. faisnéis neamhleor a bheith á soláthar do chomhaltaí.

Déanann an Bord leibhéil chomhlíonta a mheas bunaithe ar na tosaíochtaí thuasluaite trí phróiseas rannpháirtíochta díri le haonáin rialaithe agus a gcuid soláthraithe riaracháin.

Scéimeanna sochair shainithe

Tháinig laghdú ar líon na scéimeanna gníomhacha sochair shainithe a bhí cláraithe leis an mBord i rith 2010 ó 1,307 go 1,108. Tháinig laghdú ar an líon comhaltaí gníomhacha sna scéimeanna seo faoi 36,259 go 550,229 in 2010.

Scéimeanna ranníocaíochta sainithe

Tháinig laghdú ar líon na scéimeanna ranníocaíochta sainithe a bhí cláraithe leis an mBord i rith 2010 faoi 7,756 go 75,183. B’ionann ballraíocht iomlán na scéimeanna ranníocaíochta sainithe ag deireadh na bliana 2010 agus 259,732, laghdú 7,177 comhalta ón mbliain 2009.

Tábla 1 – Líon na scéimeanna agus ballraíocht scéime ag 31 Nollaig 2010

MÉID NA SCÉIME	RANNÍOCAÍOCHT SHAINITHE		SOCHAR SAINITHE				SCÉIMEANNA UILE	
	Líon na Scéimeanna	Comhaltaí Gníomhacha	Faoi Réir an Chaighdeáin Mhaoinithe		Níl Faoi Réir an Chaighdeáin Mhaoinithe		Líon na Scéimeanna	Comhaltaí Gníomhacha
			Líon na Scéimeanna	Comhaltaí Gníomhacha	Líon na Scéimeanna	Comhaltaí Gníomhacha		
Calctha	n/b	n/b	85	0	n/b	n/b	85	0
Neamh-Ghrúpa	56,230	56,230	5	5	0	0	56,235	56,235
1 go 50	18,311	81,475	553	9,167	35	665	18,899	91,307
51 go 99	355	24,223	120	8,809	9	665	484	33,697
100 go 500	245	45,903	172	38,834	26	5,605	443	90,342
501 go 1000	20	13,476	46	32,871	5	3,797	71	50,144
1001+	22	38,425	32	132,386	20	317,425	74	488,236
Iomlán:	75,183	259,732	1,013	222,072	95	328,157	76,291	809,961
Athrú ó 2009	-7,756	-7,177	-199	-32,253	0	-4,006	-7,955	-43,436

Tábla 2 – Líon na scéimeanna agus ballraíocht scéime ag 31 Nollaig 2009

MÉID NA SCÉIME	RANNÍOCAÍOCHT SHAINITHE		SOCHAR SAINITHE				SCÉIMEANNA UILE	
	Líon na Scéimeanna	Comhaltaí Gníomhacha	Faoi Réir an Chaighdeáin Mhaoinithe		Níl Faoi Réir an Chaighdeáin Mhaoinithe		Líon na Scéimeanna	Comhaltaí Gníomhacha
			Líon na Scéimeanna	Comhaltaí Gníomhacha	Líon na Scéimeanna	Comhaltaí Gníomhacha		
Calctha	n/b	n/b	135	0	n/b	n/b	135	0
Neamh-Ghrúpa	63,083	63,083	6	6	2	2	63,091	63,091
1 go 50	19,215	83,998	671	10,639	34	714	19,920	95,351
51 go 99	364	24,850	124	9,058	10	734	498	34,642
100 go 500	240	45,871	197	44,211	23	4,944	460	95,026
501 go 1000	18	12,879	40	27,485	6	4,494	64	44,858
1001+	19	36,228	39	162,926	20	321,275	78	520,429
Iomlán:	82,939	266,909	1,212	254,325	95	332,163	84,246	853,397

Nótaí do na táblaí 1 agus 2

- ag eisiámh RDB amháin agus scéimeanna sochair bháis amháin
- ag eisiámh scéimeanna a áirítear i scéimeanna foircinn agus calctha (seachas scéimeanna calctha atá faoi réir an chaighdeáin mhaoinithe)
- Ciallaíonn ‘Neamh-ghrúpa’ scéim ina bhféadfadh nach bhfuil ach comhalta amháin inti de réir a bhunaithe.

Cuntais Choigiltis Scoir Phearsanta (CCSPanna)

Ba é líon na gconarthaí CCSP a bhí i bhfeidhm ag 31 Nollaig 2010 ná 187,114 a raibh 77% acu ina gconarthaí caighdeánacha agus 23% acu ina gconarthaí neamhchaighdeánacha. B’ionann seo agus méadú 16,252 conradh i gcomparáid le 2009. Ba é an luach a bhí ar shócmhainní faoi bhainistíocht ag 31 Nollaig 2010 ná €2.74 billiún, méid arbh ionann é agus méadú €690 milliún i gcomparáid le 2009

Shonraigh 1,915 fostaí soláthraí CCSP i rith na bliana 2010, agus is é líon iomlán na bhfostaithe a bhfuil ainmniú CCSP acu anois ná 91,874, lena n-áirítear 67,301 fostaí ranníocóra.

Monatóireacht ar an gcaighdeán maoinithe

Éilítear faoin Acht nach mór do scéimeanna sochair shainithe (seachas scéimeanna atá díolmhaithe ag rialacháin) teastas maoinithe achtúireach (AFC) a chur faoi bhráid an Bhoird gach tríú bliain. Deimhníonn achtúire na scéime cibé, dá mba rud é go raibh foirceannadh na scéime déanta faoi dháta éifeachtach an teastais, ar leor a shócmhainní chun a fhiachais a chomhlíonadh. Murar leor, caithefear togra maoinithe, atá deartha chun an scéim a thabhairt ar ais chun sócmhainneachta, a chur faoi bhráid.

Tábla 3 – Na scéimeanna a bhfuarthas teastais maoinithe dóibh in 2010

MÉID NA SCÉIME	Scéimeanna a bhfuarthas teastais maoinithe dóibh in 2010*		Astu sin a SHÁSAIGH an caighdeán maoinithe		Astu sin NÁR SHÁSAIGH an caighdeán maoinithe	
	Líon na Scéimeanna	Comhaltaí Gníomhacha	Líon na Scéimeanna	Comhaltaí Gníomhacha	Líon na Scéimeanna	Comhaltaí Gníomhacha
Calctha	22	0	11	0	11	0
Neamh-Ghrúpa	1	1	1	1	0	0
1 go 50	142	2,154	87	1,108	55	1,046
51 go 99	25	1,796	11	751	14	1,045
100 go 500	31	7,326	17	3,753	14	3,573
501 go 1000	10	6,975	6	4,241	4	2,734
1001+	13	36,303	9	16,096	4	20,207
Iomlán:	244	54,555	142	25,950	102	28,605

* Sa chás gur cuireadh níos mó ná teastas maoinithe iarbhir amháin faoi bhráid le haghaidh scéime i rith na bliana, níl ach an teastas is déanaí le feiceáil sna figiúirí seo.

In 2010, fuair an Bord AFCanna i ndáil le 244 scéim. Astu seo, léirigh 142 (58%) go raibh an caighdeán maoinithe comhlíonta ag na scéimeanna i gceist. Theip ar an 102 (42%) scéim eile an caighdeán maoinithe a shásamh.

Iarratais de chuid Ailt 50/50A agus Ailt 49(3)

I rith na bliana 2010, fuair an Bord 95 iarratas de chuid Ailt 49(3). Chomh maith leis sin, bhí roinnt cásanna a fuarthas in 2009 a raibh gá déileáil leo go fóill agus a tugadh ar aghaidh go 2010 iad. Shonraigh an Bord an dáta níos déanaí i 67 cás, agus dhiúltaigh sé a leithéid a dhéanamh i 7 gcás. Tharraing na hiontaobhaithe siar an t-iarratas i 5 chás. Sna cásanna a bhí fágtha, bhí an Bord ag fanacht le, nó ag déanamh measúnú ar fhreagraí ar fhiosrúcháin maidir leis na hiarratais ag deireadh na bliana.

Fuarthas 21 iarratas faoi Alt 50 i rith na tréimhse seo. Arís, bhí méid áirithe ann a fuarthas in 2009 a raibh gá déileáil leo go fóill agus a tugadh ar aghaidh go 2010 iad. D'eisigh an Bord treoir in 11 chás gur chóir sochair a laghdú. Sna cásanna a bhí fágtha, bhí an Bord ag fanacht le, nó ag déanamh measúnú ar fhreagraí ar fhiosrúcháin maidir leis na hiarratais ag deireadh na bliana.

Fuair an Bord níos lú iarratas le haghaidh tréimhsí maoinithe sínte nó laghduithe sochair ná mar a bhíodhas ag súil leo in 2010, mar gheall ar an síneadh leis an spriocdháta le haghneacht a chur isteach.

An Scéim Íocaíochta um Dhócmhainneacht Pinsean (SÍDP)

Fuair an Bord trí hiarratas SÍDP i rith 2010. Dheimhnigh an Bord na trí hiarratas a bheith incháilithe le bheith breithnithe faoin scéim agus chuir sé na hiarratais ar aghaidh go dtí an Roinn Airgeadais le haghaidh na chéad chéime eile den phróiseas.

Riarthóirí Cláraithe (RCanna)

Tá ceangal reachtúil ar Riarthóirí Cláraithe (RCanna) a gclárúchán a athnuachan leis an mBord go bliantúil.

B'ionann Deireadh Fómhair 2010 agus dara athnuachan an chlárúcháin RCanna agus ag deireadh na bliana 2010 bhí 185 RC ar chlár na RCanna an Bhoird (níor athnuadh 34 de na clárúcháin bhunaidh ar chúiseanna éagsúla). Níor diúltaíodh athnuachan do RC ar bith ná níor cuireadh srian ar a gcuid gníomhaíochtaí i rith 2010.

Rinne an Bord iniúchadh ar 5 cinn de na haonáin seo in 2010 de bhun a chumhachtaí faoi Alt 18 den Acht na bPinsean, ar mhaithe le dearbhú cé acu an bhfuil nó nach bhfuil RCanna ag cloí leis na riachtanais reachtúla agus cé acu an bhfuil nó nach bhfuil sé d'inniúlacht agus de chumas acu na príomhfheidhmeanna riaracháin a chur i gcrích mar atá deimhnithe acu.

Tá an cur chuige réamhghníomhach seo i leith monatóireachta a dhéanamh ar RCanna i gcomhréir le cur chuige foriomlán an Bhoird, atá bunaithe ar riosca, i ndáil le maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmiú an Achta. Níos tábhachtaí fós, cuireann na hiniúchtaí seo ar chumas an Bhoird measúnú a dhéanamh ar cé acu an bhfuil nó nach bhfuil teidlíochtaí sochair na gcomhaltáí á ríomh i gceart, rud atá áirithe in ordlathas de thosaíochtaí riosca an Bhoird.

Bhí an Bord sásta go ginearálta le leibhéal foriomlán comhlíonta na RCanna a ndearnadh iniúchadh orthu leis an reachtaíocht. Bhí roinnt réimsí a tháinig chun solais i rith na n-iniúchtaí áfach, ar chóir do na RCanna go léir machnamh a dhéanamh orthu agus déantar tuairisc phoiblí ar na hábhair seo ar láithreán gréasáin an Bhoird.

Leanfaidh an Bord d'iniúchtaí RC ar an láthair a dhéanamh i rith 2011 agus níos faide anonn. Roghnófar na RCanna le haghaidh iniúchta ar bhonn atá bunaithe ar riosca agus ar roghnú randamach agus cuimseofar speictream leathan na RCanna bunaithe ar chineál agus ar mhéid a ngnó.

Rannpháirtíocht le hiontaobhaithe scéime agus soláthraithe pinsean

Tá an Bord tiomanta do mheasúnú a dhéanamh ar leibhéal chomhlíonta bunaithe ar a ordlathas de thosaíochtaí riosca, trí phróiseas rannpháirtíochta díri le haonáin rialaithe agus a soláthraithe riaracháin. Is éard atá i gceist leis an rannpháirtíocht seo ná cruinnithe aonair le hiontaobhaithe agus soláthraithe pinsean a ghlaictear chuig áitreabh an Bhoird chun comhlíonadh a gcuid scéimeanna le hAcht na bPinsean a phlé.

Thionóil an Bord 19 cruinniú dá leithéid i rith 2010. Bhual an Bord le 4 sholáthraí féideartha CCSP i rith na tréimhse seo chomh maith.

Scéim Pinsean na nOibrithe Tógála (SPOT)

Tuairiscíodh 81 cás amhrasta nua maidir le hasbhaint agus neamhíocaíocht ranníocaíochtaí pinsean ag fostóirí san earnáil tógála don Bhord i rith 2010. Cuireadh clabhsúr le 74 cás i rith na bliana Tá 227 cás á imscrúdú go gníomhach ag an mBord faoi láthair.

Ón mbliain 2007 i leith, cuireadh breis agus 397 cás in iúl don Bhord inar líomhnaíodh asbhaint agus neamhíocaíocht ranníocaíochtaí pinsean le SPOT. I roinnt de na cásanna seo, tá na riaráistí dlite urscaoilte ag na fostóirí ábhartha ó shin nó tá sceidil aisíocaíochta bunaithe leis an STOP. Go dtí seo, is ionann luach na ranníocaíochtaí athchóirithe mar thoradh ar ghníomhaíocht an Bhoird agus thart ar €4,600,000.

Sa chás go dteipeann ar fhostaithe idirghabháil a dhéanamh leis an mBord nó an SPOT, úsáideann an Bord na cumhachtaí atá aige faoi Acht na bPinsean de réir mar is gá. Cuimsíonn sé seo ionchúiseamh a dhéanamh ar na cuideachtaí atá i gceist, agus, i gcásanna áirithe, d'fhéadfaí stiúrthóirí a ionchúiseamh sa chás gur léir gur tharla an cion lena gcúlcheadú nó trína bhfaillí. Táthar ag súil leis gur comhartha soiléir é an cur chuige seo d'fhostaithe maidir le dáiríreacht na ceiste seo agus meon an Bhoird ina leith.

Ionchúisimh

Bhí sé mar thoradh ar ghníomhaíocht rialála an Bhoird gur ionchúisíodh cuideachtaí agus a gcuid stiúrthóirí.

I rith 2010, thug an Bord faoi dhá ionchúiseamh rathúil:

1) *Bellisle Properties Limited: Éisteach leis an gcás seo i gCúirt Dúiche Luimnigh ar 15 Deireadh Fómhair 2010 – chiontaigh an Breitheamh an stiúrthóir, ina cháil pearsanta, agus an cuideachta as ucht a dteip ranníocaíochtaí a dhéanamh. Ghearr sé fineáil €10,000 an ceann/duine ar an gcomhlacht agus ar an stiúrthóir aonair maidir le 5 chion iomlán faoi Acht na bPinsean.*

2) *Rice Steele Manufacturing Limited: Ciontaíodh an fostóir seo mar iontaobhaí na scéime pinsean i gCúirt Dúiche Bhaile Átha Cliath ar 18 Deireadh Fómhair 2010, as ucht a theip teastas maoinithe achtúireach a sholáthar don Bhord laistigh de 9 mí ó dháta éifeachtach an teastais mar ba ghá, agus gearradh fineáil €3,850 air agus ordáíodh dó costais €600 a íoc.*

Cuireadh tús le hionchúisimh i seacht gcás eile i rith 2010 agus tá siad ar feitheamh le dul os comhair cúirteanna in 2011. Chomh maith leis sin, cuireadh dhá chás breise faoi bhráid an Stiúrthóra Ionchúisimh Phoiblí (SIP) agus tá idirchaidreamh leanúnach ar siúl idir an Bord agus an SIP maidir leis na cásanna seo.

Fíneálacha ar-an-láthair

I rith na bliana 2010 d'eisigh an Bord fógraí fíneála do 76 iontaobhaí ó 37 scéim i leith sárúithe áirithe ar Acht na bPinsean. Bhain na sárúithe a bhí i gceist le:

- teip teastais mhaoinithe achtúireacha a chur faoi bhráid nó cur faoi bhráid déanach – 20 scéim
- táillí de chuid an Bhoird gan a bheith íoctha – 10 scéim
- ullmhú déanach thuarascálacha bliantúla na n-iontaobhaithe – 6 scéim
- teip roghanna a sholáthar ar éirí as seirbhís – 1 scéim amháin.

D'íoc iontaobhaithe €88,000 mar fhíneálacha leis an mBord agus cuireadh ar aghaidh chuig an Stáitchiste iad ansin i rith 2010.

Scéimeanna trasteorann

Ní mór do scéim pinsean atá bunaithe in Éirinn iarratas a dhéanamh ar an mBord le haghaidh údaraithe sula nglacann sí le ranníocaíochtaí ó fostóirí i mballstát eile de chuid an AE. Cheadaigh an Bord scéim bhreise amháin i rith 2010. Is é líon iomlán na n-iarratas atá údaraithe faoi láthair ag an mBord ná 27. Baineann na hiarratais a ceadaíodh go dtí seo le gníomhaíochtaí trasteorann sa RA, san Ungáir, sa Pholainn, sa Bheilg i Lucsamburg agus san Ísiltír.

Seirbhísí dlí, achtúireacha agus beartais

Tá freagracht reachtúil ar an mBord comhairle a thabhairt don Aire Coimirce Sóisialaí faoi chúrsaí pinsean. Cuireann an Bord leis an bpróiseas ceaptha beartais trí roinnt cur chuigí mar seo a leanas:

- comhairle theicniúil a sholáthar don Aire agus don Roinn Coimirce Sóisialaí agus do ranna rialtais eile ar shaincheisteanna casta maidir le beartas pinsean
- úsáid a bhaint as an eolas atá gnóthaithe óna ghníomhaíocht rialála chun treoir thráthúil agus chruinn a sholáthar d'iontaobhaithe agus do gheallsealbhóirí eile agus chun cur leis na próisis cheaptha beartais agus reachtúla
- monatóireacht agus anailísíú a dhéanamh ar threochtaí i bpinsin ghairme agus aird a dhíriú ar shaincheisteanna a thagann chun cinn.

Forbairtí in 2010

I measc cuid de na príomhréimsí gníomhaíochta bhí:

- tacú le hobair bheartais idir-rannach ar bheartas pinsean trí na struchtúr forfheidhmithe a bunaíodh tar éis fhoilsiú an Chreata Náisiúnta Pinsean i Márta 2010; glacann an feidhmeannas páirt sa Ghrúpa Stiúrtha Forfheidhmithe mar aon le i bhfoghrúpaí a bhíonn ag déileáil le pinsin ghairme agus phearsanta, an scéim bheartaithe uath-chlárúcháin agus le saincheisteanna sonraí agus teicniúla
- cabhrú le forbairt an tionscnaimh fhlaithiúnais bhlianachtaí, rud a cheadóidh d'iontaobhaithe blianachtaí flaithiúnais nua a cheannach mar mhodh chun dlíteanais scéime na bpinsinéirí a urscaoileadh
- tabhairt faoin dara suirbhé ar scéimeanna pinsean sochair shainithe. Bhailigh an suirbhé na sonraí céanna le suirbhé na bliana 2009, rud a d'éascaigh monatóireacht a dhéanamh ar bhallraíocht, shócmhainní agus shócmhainneacht
- monatóireacht a dhéanamh ar thionchar forbairtí an mhargaidh infheistíochta ar inbhuanaitheacht na scéimeanna sochair shainithe

Bhí an Bord gníomhach i gcur le forbairtí ar bheartas rialála an AE trína bhallraíocht ar Choiste na Maoirseoirí Árachais agus Pinsin Ghairme Eorpacha (CEIOPS) agus go háirithe trína rannpháirtíocht i gCoiste Pinsin Ghairme CEIOPS, ar a raibh Príomhfheidhmeannach an Bhoird Phinsean ina chathaoirleach air. In Eanáir 2011, d'athraigh CEIOPS go dtí an tÚdarás Árachais agus Pinsin Ghairme Eorpach (UAPGE).



Fócas an Bheartais do 2011

In 2011 leanfaidh an Bord ar aghaidh:

- ag soláthar tacaíochta agus comhairle teicniúla don Roinn Coimirce Sóisialaí ar chúrsaí pinsean i gcoitinne
- ag glacadh páirte i struchtúir forfheidhmithe an Chreata Náisiúnta Pinsean
- ag cur leis an athbhreithniú ar fhorfheidhmiú na Treorach Eorpá ar IORPanna agus ar riachtanais sócmhainneachta na scéimeanna pinsean i gcomhthéacs Pháipéar Glas an Choimisiúin, a foilsíodh in 2010.

Seirbhísí faisnéise agus fiosrúcháin

Díríonn an Bord ar láithreacht láidir faisnéise agus oideachais a choinneáil ar phinsin le comhaltaí scéime, iontaobhaithe, tionscal na bpinsean agus an pobal i gcoitinne. Tugann an Bord spreagadh do dhaoine iarracht a dhéanamh tuiscint níos fearr a fháil ar a bpinsein.

Faisnéis Pinsean

Soláthraíonn an Bord faisnéis ábhartha do phríomhghceallsealbhóirí d'fhonn iad a choinneáil ar an eolas faoi fhorbairtí pinsean. Is iad na príomhghceallsealbhóirí ná:

- aonáin rialaithe lena n-áirítear iontaobhaithe scéime pinsean, riarthóirí cláraithe agus fostóirí.
- comhaltaí de scéimeanna pinsean gairme agus gach sealbhóir eile de chuid pinsin phríobháidigh atá faoi réir Acht na bPinsean
- soláthraithe pinsean, comhairleoirí gairmiúla do scéimeanna agus tionscal na bpinsean i gcoitinne
- an pobal i gcoitinne
- na meáin chumarsáide (agus iad ag feidhmiú go páirteach mar ardán faisnéise agus cainéal do na geallsealbhóirí eile go léir).

Ag tacú le gníomhaíocht rialála

Tacaíonn an fhoireann Faisnéise le gníomhaíocht rialála an Bhoird trí fhaisnéis agus treoir údarásach a sholáthar d'iontaobhaithe, do riarthóirí cláraithe, d'fhostóirí agus do chomhairleoirí gairmiúla do scéimeanna.

Seirbhísí fiosrúcháin

In 2010 dhéileáil an Bord le níos mó ná 7,000 fiosrúchán díreach ar chúrsaí pinsin. Is ionann an grúpa is mó fiosraitheoirí ag 45% agus comhaltaí scéime gníomhacha go fóill agus is é an réimse is mó a ndéantar fiosrú air ná nochtadh, ina gcuimsítear ceisteanna a bhaineann le cuntais iniúchta, tuarascálacha bliantúla, sochair ar bhás/scor agus scéimeanna á bhfoirceannadh.

Ní áirítear sna staitisticí fiosrúcháin idirghníomhaíocht laethúil idir fhoireann rialála an Bhoird agus aonáin rialaithe, cosúil le scéimeanna, RCanna agus soláthraithe pinsean.

Láithreán gréasáin an Bhoird (www.anbordpinsean.ie)

Úsáideann an Bord a láithreán gréasáin mar phríomhardán chun a chuid faisnéise agus gníomhaíochta cumarsáide a sheachadadh.

I rith 2010, b'ionann líon na gcuairteoirí uathúla chuig an láithreán gréasáin agus 10,000 in aghaidh na míosa ar an meán. Ba iad na codanna den láithreán gréasáin is mó a dtugtar cuairt orthu go fóill ná na háireamhain pinsean ag 30%, rialú ag 10%, foilseacháin ag 10% agus an rannóg nuachta ag 7%. B'ionann cuairteanna ar rannóga tiomanta na niontaobhaithe agus Riarthóirí cláraithe agus 6% agus 4% faoi seach.

Seirbhísí tacaíochta d'iontaobhaithe

Leanann an Bord de spreagadh a thabhairt do sholáthar na hoiliúna iomchuí d'iontaobhaithe na scéimeanna ar gá dóibh dul i mbun oiliúna gach dhá bhliain ar a laghad, amháil ó 1 Feabhra 2010.

Cuireann an Bord seirbhísí oiliúna d'iontaobhaithe chun cinn ionas feabhas breise a chur ar thuiscint agus ar oideachas iontaobhaithe na scéimeanna pinsean le tacú le:

- slándáil pinsean níos fearr do chomhaltaí scéime
- caighdeán riaracháin agus tuairiscithe níos airde
- comhlíonadh soiléirithe le hAcht na bPinsean.



Ó sheol an Bord a chóras r-fhoghlama d'iontaobhaithe na scéimeanna pinsean in Eanáir 2010, tá breis is 1,613 duine tar éis clárú chun é a úsáid agus tá an cúrsa críochnaithe go rathúil ag 395 duine agus tá a gcuid teastas ón mBord Pinsean eisithe orthu.

Leabhráin faisnéise

Soláthraíonn an Bord réimse cuimsitheach leabhrán faisnéise atá ar fáil saor in aisce ón mBord agus atá ar fáil ar líne chomh maith.

Léiriúcháin phoiblí

Déanann an Bord cur i láthair faisnéise gach bliain do réimse leathan agus ilghnéitheach eagraíochtaí poiblí, stáit, gairmiúla, fostóirí, ceardchumann agus ionadaíochta fostaithe. I measc na n-ábhar clúdaithe i gcur i láthair dá leithéid áirítear príomhghnéithe an Achta agus reachtaíocht eile a mbíonn tionchar aici ar phinsin. Tá cuid mhaith díobh seo ar fáil ar láithreán gréasáin an Bhoird.

Oideachas, faisnéis agus caidreamh leis na meáin chumarsáide

Soláthraíonn an Bord airteagail faisnéise agus oideachais a chlúdaíonn gnéithe uile na bpinsin do na meáin chumarsáide agus do réimse cuimsitheach geallsealbhóirí tionscail agus tomhaltóra ar bhonn leanúnach. Lorgaíonn an Bord deiseanna meáin chumarsáide chun díospóireacht ar shaincheisteanna pinsin a chur chun cinn. Tá sé i gceist oideachas a chur ar dhaoine leis an ngníomhaíocht seo mar aon le feachtas ar phinsin agus an tábhacht a bhaineann le soláthar pinsean i measc spriocghrúpaí aitheanta a chur chun cinn.

Feachtas Náisiúnta Feasachta Pinsean (FNFP)

Tá an Feachtas Náisiúnta Feasachta Pinsean á reáchtáil ag an mBord ar son an Rialtais ó 2003. Bunaíodh an feachtas chun feachtas phoiblí ar phinsin a mhéadú d'fhonn cumhdach pinsean a fheabhsú. Tá an FNFP á mhaoirsiú ag meitheal tionscadail den Bhord. Leithdháil an tAire Coimirce Sóisialaí €500,000 le leanúint le hobair an FNFP in 2010.

B'ionann na príomhchuspóirí do FNFP 2010 agus:

- spreagadh a thabhairt don phobal i gcoitinne, go háirithe do ghrúpaí ina bhfuil leibhéal ísle cumhdaithe pinsean go traidisiúnta, a bheith rannpháirteach sa phróiseas pinsean agus tosú ag pleanáil le haghaidh scoir.
- spreagadh a thabhairt do chomhaltaí scéime a bheith páirteach i bpleanáil dá scor agus a chinntiú go bhfuil pinsin fheiliúnacha acu dá scor
- an láthair oibre a chur chun cinn mar an láthair is fearr le haghaidh faisnéise agus soláthair pinsean.
- oideachas pleanála airgeadais a chur chun cinn.

Gníomhaíochtaí FNFP

Bhí na gníomhaíochtaí scaipthe ar fud na bliana agus chuimsigh siad na nithe seo a leanas:

- 25 ócáid faisnéise agus oideachais ar fud na tíre a dhírigh go díreach ar na grúpaí ina bhfuil cumhdach lag pinsean iontu go traidisiúnta, lena n-áirítear na hearnálacha fáilteachais, miondíola agus talmhaíochta chomh maith le mná agus daoine óga trí rannpháirtíocht i gcumainn trádála, líonraí comhaltaí, eagraíochtaí tionscail, mar aon leis na ceardchumainn.
- cur chun cinn fhorbairt an mholta a rinne an Grúpa Náisiúnta Stiúrtha ar Oideachas Airgeadais chun Clár náisiúnta Oideachas Airgeadais sa Láthair Oibre a chruthú i gcomhréir leis na moltaí a rinne an Grúpa sa tuarascáil darb ainm *Cumas Airgeadais – cur chuige ilgheallsealbhóra*. Faoi 31 Nollaig, 2010, bhí Clár na Láithreach Oibre á ullmhú chun an chéim phíolótach a bhaint amach, rud a tharla faoi Fheabhra 2011.
- Ceisteanna pinsean agus pleanála scoir a chur le suirbhéanna náisiúnta na hInstitiúide um Shár-ionad Oibre. Scaipeadh na suirbhéanna in 2010 agus tá na torthaí, lena n-áirítear iad siúd a shonraíonn faisnéis pinsean agus pleanála scoir, á ndíríú ar ais chuig na heagraíochtaí rannpháirteacha i rith 2011.

Seirbhísí corparáideacha

Táillí na scéime pinsean gairme

Forálann Cuid 25 d'Acht na bPinsean, 1990, arna leasú, go n-íocfaidh iontaobhaithe scéime táille bhliantúil leis an mBord. Tá an ráta táille reatha de €8.80 in aghaidh an chomhalta gníomhaigh i bhfeidhm ó 1 Eanáir 2010.

Sa bhliain 2010, bhailigh an Bord €3.82 milliún de tháillí ó Scéimeanna Pinsean Gairme, méid arbh ionann é agus laghdú 19% i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin. Bhí sé seo mar thoradh ar an laghdú 7.5% ar ráta táille na Scéimeanna Pinsin Gairme a bhí i bhfeidhm ó 1 Eanáir 2010, chomh maith le laghdú ar bhallraíocht fhoriomlán ghníomhach sa scéim.

I nDeireadh Fómhair 2010, mhol an Bord don Aire Coimirce Sóisialaí gur chóir táille na Scéime Pinsean Gairme don bhliain 2011 a laghdú faoi 9.1% ó 1 Eanáir 2011.

Táillí CCSP

In 2010, bhailigh an Bord táillí €1,380,110 maidir le táirgí CCPS, méid arbh ionann é agus méadú 57% i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin. D'fhéadfaí an méadú chur i leith méadú gan choinne ar tháirgí agus soláthraithe nua CCSP go príomha.

Rialachas

D'eisigh an Rialtas Cód Cleachtais leasaithe do Rialachas Comhlachtaí Stáit i rith 2009, ag nuashonrú leagain 2002. In 2010 rinneadh iniúchadh tríú páirtí ar chomhlíonadh an Bhoird leis an gCód. Bhí sé mar chonclúid ag an iniúchadh go raibh riachtanais infheidhmithe uile de chuid an Chóid leasaithe aitheanta agus curtha i bhfeidhm ag an mBord.

Cuireadh a ndualgais in iúl do chomhaltaí uile an Bhoird (mar shealbhóirí 'stiúrthóireachtaí ainmnithe') agus do bhaill ábhartha foirne (mar shealbhóirí 'post ainmnithe') faoin reachtaíocht eithe agus tugadh treoir iomchuí dóibh.

Bainistiú riosca

Mar a moladh sa Chód Cleachtais leasaithe do Rialachas Comhlachtaí Stáit, bhunaigh an Bord Coiste Riosca tiomanta a thuiriscíonn go díreach don Bhord. Ar mhaithe le héifeachtúlacht, cumascadh an Coiste Riosca le Coiste Airgeadais agus Iniúchóireachta an Bhoird in 2011.

Acmhainní daonna

Spreagann agus tacaíonn an Bord leis na fostaithe go léir chun leas a bhaint as deiseanna forbartha pearsanta, oideachais bhreise agus oiliúna.

Teicneolaíocht na faisnéise

B'fhorbairt shuntasach in úsáid TFC í seoladh thairseach seirbhísí ar líne an Bhoird i nDeireadh Fómhair 2010. Cuirfear an tairseach seirbhísí ar líne in áit an chláir scéimeanna láimhe páipéar-bhunaithe atá ann faoi láthair agus déanfaidh sé idirghníomhú le córais ábhartha eile an Bhoird, nuair is gá. Beidh soláthraithe seachtracha sonraí (iontaobhaithe, fostóirí agus riarthóirí) in ann a ngnó a dhéanamh leis an mBord trí thairseach ar líne, rud a chuirfidh ar a gcumas scéimeanna nua a chlárú, scéimeanna reatha a leasú, táillí bliantúla a íoc agus tuairisceáin bhliantúla faisnéise scéime a chomhdú.

Osclófar gnéithe breise den tairseach seirbhísí ar líne le húsáid ag tionscal na bpinsean i rith 2011. Ag an mBord mar a fhorbraíonn sé a chuid seirbhísí ar líne a tairseach sna blianta amach romhainn beidh inniúlacht a roinnt leis na Coimisinéirí Ioncaim fhreastalaí a óstáil slándála a mhéadú agus costais a shábháil.

Sláinte agus sábháilteacht

Oibríonn an Bord de réir an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair. Rinne an Bord athbhreithniú ar a ráiteas sláinte agus sábháilteachta i rith 2010 agus reáchtáil sé clár oiliúna sláinte agus sábháilteachta don fhoireann.

Úsáid fuinnimh

B'ionann an tomhaltas fuinnimh iomlán in 2010 agus 167,500 KWh leictreachais. Os rud é nach n-áitíonn an Bord ach 10,600 troigh chearnach de spás oifige nua-aimseartha atá éifeachtúil ó thaobh fuinnimh de i lár cathrach Bhaile Átha Cliath, is beag scóip atá ann chun laghdúithe suntasacha breise a dhéanamh ar úsáid fuinnimh, ach leanfar d'athbhreithniú a dhéanamh air seo.

An tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997

Tá an Bord ag cloí leis na ceanglais atá leatha amach in Alt 12 den Acht um Íoc Pras Cuntas, 1997. Níor tharla aon íocaíochtaí déanacha i rith 2010 agus ní dhearnadh aon íocaíochtaí úis phionóis i rith na bliana dá réir.

Plean Gníomhaíochta Custaiméara (PGC)

Tá Cairt Chustaiméirí an Bhoird foilsithe ar ár láithreán gréasáin agus tá sí ar taispeáint in oifigí an Bhoird. Tá Plean Gníomhaíochta do Chustaiméirí de chuid an Bhoird ar fáil chomh maith i bhfoirm leabhráin agus ar líne.

Foireann an Bhoird Phinsean

Déantar cinnteoireacht laethúil a tharmligean chuig fostaithe atá faoi mhaoriseacht ghníomhach an Bhoird.
Foireann an Bhoird ar 31 Nollaig 2010.



Brendan Kennedy
Príomhfheidhmeannach



Mary Hutch
Ceannaire ar Rialáil



Tom Dunphy
Ceannaire Seirbhísí
Corparáideacha
(Rúnaí don Bhoird)



Philip Dalton
Ceannaire ar Phleanáil



David Hegarty
Ceannaire ar Pholasáil



Sylvia McNeece
Comhairleoir Dlí



Pat O'Sullivan
Comhairleoir Achtúireach



David Malone
Ceannaire ar Fhaisnéis

Príomhoifigigh Chúnta

Aideen Bugler
Gerard Clarke
Mary Howe
Maura Howe
Andrew Nugent
Cheryl Richardson

Ardoifigigh Fheidhmiúcháin

Rachael Gleeson
Catherine Goulding
John McCarthy
Kieran O'Dea

Oifigigh Fheidhmiúcháin

Sherry Bass
Martin Buggy
Ciarán Holahan
Emily Kealey
Deirdre Kelly
Renée O'Reilly
Ronan Scott
Edel Stenson
Christina Winters

Oifigigh Chléireachais

Laura Allen
Valerie Christie
Mary Conlon
Marie Earley
Eileen Flynn
Emma Hunter
Lydia Leonard
Alison Massey
Catherine McAuley
Julie McCarthy
Maura Moroney
Barry O'Connor

Ráitis airgeadais

don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2010

Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste	18
Ráiteas ar dhualgais an Bhoird	20
Ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais	21
Ráiteas na mbeartas cuntasáochta	22
Cuntas ioncaim agus caiteachais	23
Clár comhardaithe	24
Ráiteas faoi shreabhadh airgid	25
Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais	26

Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais an Bhoird Phinsean don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2010 de réir Acht na bPinsean 1990. Áirítear sna ráitis airgeadais, a ullmhaíodh de réir na mbeartas cuntasáíochta dá dtagraítear iontu, Ráiteas na mBeartas Cuntasáíochta, an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus na nótaí gaolmhara. Tá an creat tuairiscithe airgeadais a úsáideadh le linn na ráiteas airgeadais a ullmhú de réir an dlí is infheidhme agus ag teacht leis an gCleachtas Cuntasáíochta a nGlactar leis Go Coitianta in Éirinn.

Freagraíochtaí an Bhoird

Tá an Bord freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú, a chinntiú go dtugann siad léargas cruinn agus cothrom ar staid ghnóthaí an Bhoird agus a chuid ioncaim agus caiteachais, agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú.

Freagraíochtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Táim freagrach as iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais agus iad a thuairisciú de réir an dlí is infheidhme.

Le linn dom an t-iniúchadh a dhéanamh tagraím do na breithnithe speisialta a ghabhann le bainistiú agus le feidhmiú comhlachtaí Stáit.

Déanaim an t-iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (An Ríocht Aontaithe agus Éire) agus i gcomhlíonadh le Caighdeán Eiticíúla de chuid an Bhoird um Chleachtas Iniúcháireachta d'Iniúcháirí.

Scóip an Iniúchta ar na Ráitis Airgeadais

Baineann iniúchadh le fianaise a bhailiú faoi na suimeanna agus na nochtáí atá sna ráitis airgeadais, fianaise ar leor í agus dearbhú réasúnta go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó aon mhíríteas ábhartha, cibé mar gheall ar chiallois nó earráid é. Áiríonn sé seo measúnú ar:

- cibé an n-oireann na beartais chuntasáíochta do chúinsí an Bhoird, agus an raibh siad á gcur i bhfeidhm ar bhonn comhsheasmhach agus á nochtadh go leordhóthanach
- réasúntacht na meastachán suntasach cuntasáíochta a rinneadh i rith ullmhú na ráiteas airgeadais, agus
- cur i láthair foriomlán na ráiteas airgeadais.

Chomh maith leis sin, le linn dom an t-iniúchadh a dhéanamh, déanaim iarracht fianaise a fháil maidir le rialtacht na n-idirbheart airgeadais.

Ina theannta sin, léim an fhaisnéis airgeadais agus neamhairgeadais uile atá sa Tuarascáil Bhliantúil ar mhaithe le haon neamhréireachtaí ábhartha leis na ráitis airgeadais iniúchta a aithint. Má thugaim aon mhíríteas nó neamhréireachtaí dealraitheacha faoi deara, déanaim mo mhachnamh faoin tionchar a bheadh ag a leithéid ar mo thuairisc féin.

Tuairim i leith na Ráiteas Airgeadais

I mo thuairimse, tugann na ráitis airgeadais, atá ullmhaithe de réir an Chleachtas Chuntasáíochta a nGlactar leis Go Coitianta in Éirinn, léargas cruinn agus cothrom ar staid ghnóthaí an Bhoird ag 31 Nollaig 2010 agus ar a chuid ioncaim agus caiteachais don bhliain dar críoch.

I mo thuairim, tá leabhair chuntais chearta coimeáda ag an mBord. Tá na ráitis airgeadais i gcomhaontú leis na leabhair chuntais.

Nithe a ndéantar tuairisciú eisceachta orthu

Bíonn tuairisciú eisceachta i gceist sna cásanna seo a leanas:

- Mura bhfuil an fhaisnéis agus na mínithe uile a theastaigh uaim le haghaidh m'iniúchta faighte agam, nó
- má tharraing mé aird i m'iniúchadh ar aon chás ábhartha nár úsáideadh airgead chun críocha beartaithe nó sa chás nach raibh na hidirbhearta ag teacht le rialacha an údarás rialaithe, nó
- mura bhfuil an fhaisnéis atá i dTuarascáil Bhliantúil an Bhoird don bhliain ar ullmháidh na ráitis airgeadais comhsheasmhach leis na ráitis airgeadais, nó
- má léiríonn an Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais nach bhfuil an Cód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit á chomhlíonadh ag an mBord, nó
- Sa chás gur léir dom gur ann d'aon ní ábhartha eile a bhaineann leis an mbealach a reáchtáladh gnó poiblí.

Tarraingím aird ar an gceanglas faoi Alt 12 d'Acht na bPinsean 1990 gur gá don Bhord faomhadh an Aire Coimirce Sóisialaí a fháil sula gceaptar comhairligh nó comhairleoirí. Tá údarás tarmligthe ag an Roinn Coimirce Sóisialaí don Bhord chun comhairligh nó comhairleoirí a cheapadh sa chás go bhfuil na híocaíochtaí a dhéantar cothrom le níos lú ná €55,000 sa bhliain. D'aithin an Bord ó athbhreithniú a rinne sé go bhfuil íocaíochtaí déanta le roinnt comhairligh nó comhairleoirí ó 2004 i leith, inar sháraigh na suimeanna an teorainn tarmligthe atá ceadaithe. Cé go ndearnadh an obair ar iarratas sonracha ón Aire agus go raibh baint ag an Roinn le maoirseacht a dhéanamh ar an tionscadal i roinnt de na cásanna seo, ní bhfuarthas faomhadh oifigiúil an Aire chun na comhairligh ná na comhairleoirí a cheapadh. Tá aird na Roinne tarraingthe ag an mBord ar an méid seo. Sháraigh íocaíochtaí cothrom le €532,000 a rinneadh le ceithre chomhairleach in 2010 an teorainn tarmligthe atá ceadaithe.

Seachas na hidirbhearta seo nach raibh ag teacht le rialacha na n-údarás rialaithe, níl dada le tuairisciú agam maidir le nithe eile a bhfuil tuairisciú eisceachta i gceist leo.



John Buckley

Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste


13 Bealtaine 2011

Ráiteas ar dhualgais an Bhoird

Faoi Alt 22(1) d'Acht na bPinsean, 1990, arna leasú, tá sé de dhíth ar an mBord ráitis airgeadais a ullmhú ina leithéid de shlí gur féidir leis an Aire Coimirce Sóisialaí le haontú an Aire Airgeadais iad a fhaomhadh. In ullmhú na ráiteas airgeadais sin, tá sé de dhíth ar an mBord:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus ansin iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh, ach amháin i gcás nach cuí a thiomhdiú go leanfaidh an Bord de bheith i ngnó
- aon scaradh ábhartha ó chaighdeán chuntasaíochta ábhartha a nochtadh agus a mhíniú.

Tá an Bord freagrach as ucht leabhair chuntais chuí a choimeád, a nochtann le cruinneas réasúnta stádas airgeadais an Bhoird ag aon am agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcloíonn na ráitis airgeadais le hAlt 22(1) d'Acht na bPinsean, 1990, arna leasú. Chomh maith le sin tá an Bord freagrach as sócmhainní an Bhoird a chosaint agus mar sin as céimeanna réasúnta a thógáil chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a aithint agus a chosc.



Jane Williams
Cathaoirleach



Niall Walsh
Comhalta boird

9 Bealtaine 2011

Ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais

Freagracht as ucht córas um rialú inmheánach airgeadais

Thar ceann an Bhoird, admhaim ár bhfreagracht chun a chinntiú go bhfuil córas um rialú inmheánach airgeadais cuí á choimeád agus á fheidhmiú againn.

Ní féidir leis an gcóras ach deimhniú réasúnta seachas deimhniú lán dearfach a thabhairt go bhfuil sócmhainní cosanta, idirbhearta údaráithe agus taifeadta go cuí agus go bhfuil earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha coiscthe nó go n-aithneofaí iad in am tráthúil.

Príomhnósanna imeachta rialaithe

Tá céimeanna tógtha ag an mBord chun timpeallacht rialaithe chuí a chinntiú trí:

- freagrachtaí bainistíochta a shainmhíniú go soiléir
- nósanna imeachta tuairiscithe a bhunú chun teipeanna suntasacha a rialú agus a chinntiú go dtugtar faoi ghníomh cuí ceartaitheach
- Coiste Airgeadais agus Iníúcháireachta tiomnaithe a bhunú
- Coiste Riosca tiomnaithe a bhunú (atá freagrach as bainistíocht riosca arna aistriú chuig an gCoiste Airgeadais agus Iníúcháireachta i Márta 2011)
- deighilt shoiléir a chruthú idir fheidhmeanna an Bhoird agus an Fheidhmeannais
- Cód Cleachtais a fhoilsiú do chomhaltaí agus d'fhoireann an Bhoird
- iniúcháirí inmheánacha a cheapadh.

Tá próiseas bunaithe ag an mBord chun rioscaí gnó a aithint agus a mheas trí:

- nádúr, méid agus an impleacht a d'fhéadfadh a bheith ag rioscaí atá os comhair an Bhoird a aithint, lena n-áirítear an méid agus na catagóirí atá inghlactha dar leis
- an dóchúlacht go dtarlóidh rioscaí aitheanta a mheas
- measúnú a dhéanamh ar chumas an Bhoird na rioscaí a thagann os a chomhair a bhainistiú agus a mhaolú
- aird a thabhairt ar na costais a bhaineann le rialuithe áirithe a fheidhmiú i leith an tairbhe a bhaintear astu.

Tá an córas um rialú inmheánach airgeadais bunaithe ar chreatlach d'fhaisnéis bhainistíochta rialta, nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear leithscaradh dualgas agus córas tarmiligin agus freagrachta. Áirítear ann ach go háirithe:

- Córas buiséadaithe cuimsitheach ina bhfuil buiséad bliantúil atá athbhreithnithe agus aontaithe ag an mBord
- athbhreithnithe rialta a bheith á gcur i gcrích ag an gCoiste Airgeadais agus Iníúcháireachta agus ag an mBord ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a thugann léargas ar fheidhmíocht airgeadais i gcomparáid le réamh-mheastacháin

- spriocanna a leagan síos le feidhmíocht airgeadais agus eile a thomhas
- iniúchtaí inmheánacha rialta.

Mar a cuireadh i bhfeidhm in 2003 is í an fheidhm iniúchtóireachta inmheánaigh an phríomghné a chuireann an Bord ar an eolas maidir le héifeachtacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais. Feidhmíonn na hiniúcháirí inmheánacha de réir an Chóid Chleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit. Cuirtear faisnéis ar fáil d'obair an iniúchta inmheánaigh trí anailís a dhéanamh ar an riosca dá bhfuil an comhlacht nochtá agus tá cleachtadh anailíse riosca iomlán curtha i gcrích maidir leis sin.

Tá anailís riosca agus an t-iniúchadh inmheánach formhuinthe ag an gCoiste Airgeadais agus Iníúcháireachta agus faofa ag an mBord.


Cheap an Bord Coiste Riosca ar an 2 Samhain 2009. I ndiaidh athbhreithnithe ginearálta a dhéanamh ar Choistí an Bhoird ag an gruinniú a reáchtáladh ar an 28 Márta 2011, cinneadh an fhreagracht maidir le bainistíocht riosca a aistriú ar ais chuig an gCoiste Airgeadais agus Iníúcháireachta ar mhaithe le héifeachtacht a chinntiú.

Sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2010, bhí monatóireacht déanta ag an mBord Pinsean, trí ghníomhaíocht leanúnach a Choiste Airgeadais agus Iníúcháireachta, ar obair an Fheidhmeannais sa réimse um rialú airgeadais. Go háirithe, scrúdaigh an Coiste na nithe seo a leanas;

- cuntais bhainistíochta rialta agus/nó tréimhsiúla, le hanailís agus míniú ar chlaontaí suntasacha ón mbuiséad;
- cuntais bhliantúla do 2009 agus míniú ar dhifriochtaí suntasacha
- buiséad bliantúil agus plean airgeadais do 2011
- athbhreithniú ar tháille na scéime pinsean gairme
- athbhreithniú ar an straitéis infheistíochta
- tuarascálacha inmheánacha iniúchta
- plean soláthair chorparáidigh

Athbhreithniú bliantúil ar rialuithe

Deimhním maidir leis an mbliain dar críoch 31 Nollaig 2010 go ndearna an Bord athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais.



Jane Williams
Cathaoirleach

9 Bealtaine 2011

Ráiteas na mbeartas cuntasaíochta

Táthar tar éis na beartais chuntasaíochta seo a leanas a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach i ndéileáil le míreanna a nglactar leo mar nithe ábhartha i leith na ráiteas airgeadais.

a) Bonn ullmhúcháin na ráiteas airgeadais

Ullmhaítear na ráitis airgeadais faoi mhodh fabhráithe na cuntasaíochta agus faoin gcoinbhinsiún costais stairiúil i bhfoirm atá faofa ag an Aire Coimirce Sóisialaí le comhthoilú an Aire Airgeadais, de réir Alt 22(1) d'Acht na bPinsean, 1990, arna leasú.

Ullmhaítear na ráitis airgeadais chomh maith de réir na gcaighdeán cuntasaíochta a nglactar leo go coitianta in Éirinn, caighdeán atá forbartha ag an mBord um Chaighdeán Chuntasaíochta. Tá na ráitis airgeadais tugtha i euro.

b) Ioncam táille

Léiríonn ioncam táille:

- i) An méid a mheasann an Bord gur féidir a bhailiú maidir le Scéimeanna Pinsean Gairme sa bhliain. Áiríonn an meastachán seo fáiltas airgid de bhun éileamh eisithe agus seiceáiltear réasúntacht an fhigiúir seo i gcomparáid leis an ioncaim táille a bhfuil súil leis bunaithe ar phróifíl ríomhaireachta scéimeanna an Bhoird.
- ii) Méideanna dlite maidir le feidhmiú, táirgeadh agus táillí bliantúla gearrtha ar sholáthraithe na gCuntas Coigiltis Scoir Pearsanta (CCSP). Ríomhtar táillí CCSP trí thagairt don líon táirgí cláraithe faofa agus do luach na gcistí faoi bhainistíocht an tsoláthraí ag deireadh na bliana roimhe sin.

c) Deontas Stáit

Léiríonn deontas Stáit an méid atá curtha ar fáil don bhliain ábhartha ag an Roinn Coimirce Sóisialaí chun:

- costas na sochar aoisliúntais atá íoctha ag an mBord a fhorchúiteamh
- na costais a bhaineann leis an bhFeachtas Náisiúnta Feasachta Pinsean a ghlanadh
- cur le costais ábhartha eile.

d) Cúlchiste caipitil CCSP

Is ionann an cúlchiste seo agus méid an deontais Stáit gan amúchadh a úsáideadh chun sócmhainní seasta a bhaineann le riaradh CCSP a cheannach agus déantar é a amúchadh i gcomhréir le dímheas na sócmhainní ábhartha arna ngnóthú.

e) Dímheas agus sócmhainní seasta inlámhsithe

Tá sócmhainní seasta inlámhsithe léirithe mar chostas lúide dímheas carntha. Gearrtar dímheas ón gcuntas ioncaim agus caiteachais de réir méid chothroim ag na rátaí bliantúla atá leagtha amach anseo thíos, ionas gur féidir na sócmhainní a dhíscríobh, coigeartaithe do luach measta iarmharach, thar an saol úsáideach ionchais i ngach catagóir oiriúnach:

- feabhsuithe léasacha 6% – 15 bliain
- trealamh ríomhaireachta 25% – 4 bliana
- trealamh oifige 12½% – 8 mbliana
- trealamh oifige 20% – 5 bliana

f) Léas oibriúcháin

Déileáiltear le híocaíochtaí cíosa sa chuntas ioncaim agus caiteachais sa bhliain lena mbaineann siad.

g) Aoisliúntas

I bhfianaise na socruithe dá dtagraítear i nóta 19, socruithe atá déanta ag an mBord maidir leis an scéim shochair shainithe atá i bhfeidhm aige dá bhfostaithe, measann an Bord nach bhfuil forálacha an Chaighdeáin Tuairiscithe Airgeadais 17, Cuntasaíocht do Shochair Scoir i ndáil le cuntasaíocht le haghaidh dliteanas pinsean a eascraíonn ó scéimeanna sochair shainithe, infheidhme.

Dá réir sin, gearrann an Bord ranníocaíochtaí fostóra i leith ioncaim agus caiteachais sa bhliain amháil is dá mba scéim shochair shainithe a bhí i gceist sa scéim.

Cuirtear íocaíochtaí sochair aoisliúntais san áireamh mar mhír caiteachais agus léirítear é mar chomh-ioncam a sheasann d'aigshabháil íocaíochtaí ón Roinn Coimirce Sóisialaí.

h) Cúlchiste forfheidhmithe comhlíonta

De bhrí gurb é an Bord Pinsean an comhlacht rialála reachtúil atá freagrach as comhlíonadh na n-iontaobhaithe scéime le forálacha Acht na bPinsean, 1990, arna leasú, a mhonatóiriú agus a chur i bhfeidhm, d'fhéadfadh go mbeadh gá ag an mBord le caingeán dlí ó am go ham.

I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh costais shuntasacha a bheith le hóc ag an mBord as gníomh den chineál sin. Ní féidir a réamh-mheas roimh ré cén uair a thiocfadh a leithéid de chásanna chun cinn ná an leibhéal costais a thiocfadh astu, ach measann an Bord gur den chríonnacht é a chinntiú go bhfuil go leor acmhainní ar fáil agus a leithéid de chostais a leathadh amach thar roinnt blianta.

Dá réir sin, aistrítear méideanna ón gcuntas ioncaim agus caiteachais go dtí an cúlchiste forfheidhmithe comhlíonta nuair a mheastar go bhfuil a leithéid riachtanach.

Cuntas ioncaim agus caiteachais


don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2010

	Nótaí	2010 €	2009 €
Ioncaim			
Táillí na Scéime Pinsean Gairme		3,821,973	4,753,170
Táillí an Chuntais Choigiltis Scoir Phearsanta		1,380,110	878,218
<i>Deontas Stáit maidir le:</i>			
Íocaíochtaí pinsean le baill foirne scortha		142,664	142,664
Costais an Fheachtais Náisiúnta			
Feasachta Pinsean	1	500,000	500,000
Ioncam eile	2	144,822	187,147
Ioncam iomlán		5,989,569	6,461,199
Tarchur ó cúlchiste caipitil CCSP	15	47,352	52,665
		6,036,921	6,513,864
Caiteachas			
Tuarastail, pinsin agus costais ghaolmhara	3 & 4	3,002,949	3,562,730
Táillí agus costais de chuid chomhaltáí an Bhoird	5	120,341	131,306
Cíos agus costais oifige	6	746,160	759,744
Costais oiliúna, oideachais agus phearsanra	7	92,639	99,706
Faisnéis, taighde agus poiblíocht	8	420,450	367,413
Comhairliúchán agus táillí gairmiúla eile	9	642,060	650,417
Riarachán ginearálta	10	297,590	345,543
Dímheas	11	229,066	177,850
Caiteachas iomlán		5,551,255	6,094,709
Farasbarr don bhliain		485,666	419,155
Cúlchiste ioncaim ag 1 Eanáir		5,989,519	5,570,364
Farasbarr don bhliain		485,666	419,155
Cúlchiste ioncaim ag 31 Nollaig		6,475,185	5,989,519


Ní raibh aon ghnóthachain nó caillteanais ag an mBord sa bhliain airgeadais nó sa bhliain airgeadais roimhe sin seachas na cinn sin lena ndéileáiltear sa chuntas ioncaim agus caiteachais.

Baineann torthaí na bliana le hoibríochtaí leanúnacha.

Tá ráiteas na mbeartas cuntasáíochta, an ráiteas faoi shreabhadh airgid agus nótaí 1 go 23 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.



Jane Williams
Cathaoirleach




Brendan Kennedy
Príomhfheidhmeannach

Clár comhardaithe


ag 31 Nollaig 2010

	Nótaí	2010 €	2010 €	2009 €	2009 €
Sócmhainní seasta					
Sócmhainní inláimhsithe	11		646,546		599,300
Sócmhainní reatha					
Féichiúnaithe	12	464,869		689,954	
Banc	18	7,273,726		6,713,004	
		7,738,595		7,402,958	
Fiachais reatha					
Méideanna na gcreidiúnaithe dlite laistigh de bhliain amháin	13	272,460		327,891	
Glansócmhainní reatha					
			7,466,135		7,075,067
Sócmhainní iomlána					
			8,112,681		7,674,367
Maoinithe ag					
Cúlchiste forfheidhmithe comhlíonta	16	1,500,000		1,500,000	
Cúlchiste caipitil CCSP	15	137,496		184,848	
Cúlchiste ioncaim		6,475,185		5,989,519	
			8,112,681		7,674,367

Tá ráiteas na mbeartas cuntasaiochta, an ráiteas faoi shreabhadh airgid agus nótaí 1 go 23 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.



Jane Williams
Cathaoirleach



Brendan Kennedy
Príomhfheidhmeannach

9 Bealtaine 2011

Ráiteas faoi shreabhadh airgid

don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2010

	Nótaí	2010 €	2009 €
Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	17	697,762	498,770
Toradh ar infheistíochtaí agus fónamh ar airgeadas			
Ús faighte		139,272	243,376
Caiteachas caipitil			
Íocaíochtaí chun sócmhainní seasta inlámhsithe a ghnóthú		(276,312)	(38,630)
Bainistiú acmhainní leachtacha			
(Méadú) ar thaiscí gearrthéarmacha		(720,643)	(871,561)
(Laghdú) ar airgead tirim		(159,921)	(168,045)
Imríteach tsreafa airgid ghlain le gluaiseacht i gcistí glana	18		
(Laghdú) ar airgead tirim i rith na bliana		(159,921)	(168,045)
Méadú ar thaiscí gearrthéarmacha		720,643	871,561
Gluaiseacht i gcistí glana sa bhliain		560,722	703,516
Cistí glana ag 1 Eanáir		6,713,004	6,009,488
Cistí glana ag 31 Nollaig		7,273,726	6,713,004

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2010

1. Maoiniú agus costais an Fheachtais Náisiúnta Feasachta Pinsean (FNFP)

Lean an Bord, thar ceann an Rialtais, leis an bhFeachtas Náisiúnta Feasachta Pinsin (FNFP) in 2010. Cuireadh leithdháileadh €500,000 (2009, €500,000) ón Roinn Coimirce Sóisialaí ar fáil chuige seo. Ba é an príomhaidhm a bhí leis an FNFP ná cur leis an tuiscint atá ag daoine ar phinsin agus cumhdach pinsean a mhéadú in Éirinn.

Caitheadh an leithdháileadh airgid sna príomhchatagóirí costais seo a leanas:

	2010 €	2009 €
Faisnéis agus gníomhachtaí feasachta	380,000	357,963
Bainistíocht tionscadail	93,558	96,858
Riarachán	26,802	34,435
	500,360	489,256

2. Ioncam eile

	2010 €	2009 €
Ioncam úis	132,352	182,406
Foilseacháin	–	450
Ioncam ilghnéitheach	12,470	4,291
	144,822	187,147

3. Costais na bhfostaithe

Bhí meánlín na bhfostaithe coibhéiseach lánaimseartha i rith na bliana cothrom le 38.3. Seo a leanas mar a bhí na costais chomhiomlána fostaithe agus ghaolmhara:

	2010 €	2009 €
Tuarastail	2,156,711	2,561,305
Ranníocaíochtaí aoisliúntais an fhostóra ¹	543,090	663,255
Ranníocaíochtaí ÍMAT an fhostóra	159,696	191,812
Sochair aoisliúntais iníochta	142,664	142,664
Foireann Chonartha – ginearálta	788	3,694
	3,002,949	3,562,730

¹ Féach nóta 19.

4. Luach Saothair an Phríomh-Oifigigh Fheidhmiúcháin

	2010 €	2009 €
Tuarastal	153,885	158,644
Pá i gcoibhneas le feidhmíocht	–	6,179
Ranníocaíocht aoisliúntais an fhostóra	38,471	39,661
	192,356	204,484

Ní sháraíonn teidlíochtaí pinsin an Phríomhfheidhmeannaigh na teidlíochtaí caighdeánacha a sholáthraítear i scéim eiseamláireach um aoisliúntas sochair shainithe na hearnála poiblí.

5. Táillí agus costais de chuid na gcomhaltaí Boidr

	2010 €	2009 €
Táillí boird	119,700	130,667
Costais ²	641	639
	120,341	131,306

² Taisteal agus cothabháil intíre maidir le haisíoc traenach deimhniú agus costais chóiríochta le freastal ar chruinnithe Boidr.

Táillí an Bhoird³

Ainm	2010 €	2009 €
Jane Williams – Cathaoirleach ⁴	5,985	–
Tiarnan O Mahoney ⁵	5,985	13,067
Rosheen Callender	7,695	8,400
Fergus Whelan	7,695	8,400
Marie Daly	7,695	8,400
Mary O'Donnell	7,695	8,400
Michael O'Halloran	7,695	8,400
Rosalind Briggs	7,695	8,400
Julian Caplin	7,695	8,400
John Dillane	7,695	8,400
Emer O'Flanagan	7,695	8,400
Gerry Ryan	7,695	8,400
Dervla Tomlin	7,695	8,400
Mary Wade	7,695	8,400
Niall Walsh	7,695	8,400
Michael Ryder	7,695	8,400
	119,700	130,667

³ Laghdú 5% ar tháillí le héifeacht ón 1 Eanáir 2010 agus laghdú 10% ar tháillí ón 1 Bealtaine 2009.

⁴ Ceaptha ar an 28 Meitheamh 2010, athcheaptha ar an 21 Nollaig 2010.

⁵ Tháinig deireadh leis an téarma mar Chathaoirleach ar an 27 Meitheamh 2010.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais ar lean

6. Cíos agus costais oifige

	2010 €	2009 €
Cíos	562,798	568,474
Táille seirbhíse	47,316	52,264
Rátaí	62,824	64,107
Leictreachas	24,379	28,233
Glanadh	30,013	28,343
Cothabháil ghinearálta	13,968	13,787
Stóras seachtrach	4,862	4,536
	746,160	759,744

Áitíonn an Bord áitreabh oifigí i dTeach Verschoyle, Sráid an Mhóta Íochtarach, Baile Átha Cliath 2, faoi léas 25 bliain, léas ar cuireadh tús leis ar 16 Iúil 2001.

7. Costais oiliúna, oideachais agus phearsanra

	2010 €	2009 €
Oiliúint agus oideachas	64,631	65,391
Costais phearsanra	28,008	34,315
	92,639	99,706

8. Faisnéis, taighde agus poiblíocht

	2010 €	2009 €
Fógraíocht agus gníomhaíochtaí feasachta	309,603	251,565
Clóbhualadh agus foilseacháin	59,967	44,434
Seastáin faisnéise agus seoltaí	25,361	49,645
Taighde	25,519	21,769
	420,450	367,413

9. Comhairliúchán agus táillí gairmiúla eile

	2010 €	2009 €
Comhairle dlí	273,278	184,503
Forbairt tionscadal	23,869	212,768
Faisnéis agus caidrimh phoiblí	79,547	83,518
Imscrúduithe agus tacaíocht chomhlíonta	197,970	82,941
Táillí comhairliúcháin theicniúla/phinsean	–	13,070
Táillí iniúchóireachta inmheánacha	22,688	17,010
Táillí iniúchóireachta reachtúla	14,100	14,100
Comhairliúchán earcaíochta	484	2,994
Eile	30,124	39,513
	642,060	650,417

10. Riarachán ginearálta

	2010 €	2009 €
Costais pháipéarachais agus riaracháin	42,834	51,910
Suibscríbhinní corparáideacha	54,586	39,656
Guthán agus postas	44,088	47,937
Cothabháil ríomhairí agus tomhaltáin	76,238	119,050
Taisteal agus cothabháil	26,119	26,833
Árachais	53,293	59,346
Ús agus táillí	432	811
	297,590	345,543

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais ar lean

11. Sócmhainní seasta inlámhsithe

	Feabhsuithe léasacha €	Trealamh ríomhaireachta €	Troscán oifige €	Trealamh oifige €	Iomlán €
Costas nó Luacháil					
Ag 1 Eanáir 2010	1,157,692	826,341	201,057	122,430	2,307,520
Breiseanna sa bhliain	–	254,764	–	21,548	276,312
Diúscairtí sa bhliain	–	(2,322)	–	(38,730)	(41,052)
Ag 31 Nollaig 2010	1,157,692	1,078,783	201,057	105,248	2,542,780
Dímheas Carntha					
Ag 1 Eanáir 2010	682,779	737,449	185,906	102,086	1,708,220
Táille don bhliain	77,179	135,737	4,935	11,215	229,066
Diúscairtí sa bhliain	–	(2,322)	–	(38,730)	(41,052)
Ag 31 Nollaig 2010	759,958	870,864	190,841	74,571	1,896,234
Glanluach Leabhair					
Ag 31 Nollaig 2009	474,913	88,892	15,151	20,344	599,300
Ag 31 Nollaig 2009	397,734	207,919	10,216	30,677	646,546

12. Féichiúnaithe

	2010 €	2009 €
Méideanna dlite laistigh de bhliain amháin:		
Ioncam táille	400,000	560,000
Ús fabhraithe infhaighte	36,984	43,905
Réamhíocaíochtaí agus ioncam fabhraithe	20,574	75,126
Féichiúnaithe eile	7,311	10,923
	464,869	689,954

13. Creidiúnaithe

	2010 €	2009 €
Méideanna dlite laistigh de bhliain amháin:		
Fabhruithe costais	152,543	159,764
Creidiúnaí cánach	84,971	81,233
Creidiúnaí DSP	34,000	56,000
Creidiúnaithe trádála	946	30,894
	272,460	327,891

14. Ceangaltais airgeadais

(i) Ceangaltais chaipitil

Tá conradh i bhfeidhm ag an mBord i láthair na huaire chun Réiteach Bainistíochta Sonraí nua a chur in ionad an chórais chláraithe scéime atá ann céanna.

Ag an 31 Nollaig 2010, bhí an ceangaltas caipitil gan íoc ar an gconradh seo cothrom le €231,004 (CBL san áireamh).

(ii) Léasanna Oibriúcháin

Bhí tiomantais le híoc ag an mBord sa dhá mhí dhéag amach romhainn faoi léasanna oibriúcháin neamh-inchealaithe mar seo a leanas:

	2010	2009
	€	€
Léas ar chóiríocht oifige		
Ag dul in éag tar éis cúig bliana	555,000	555,000

15. Cúlchiste caipitil CCSP

	2010	2009
	€	€
Ag tús na bliana	184,848	237,513
<i>Aistriú chuig an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais</i>		
Amúchadh – éadálacha na bliana roimhe sin	(47,352)	(52,665)
Ag deireadh na bliana	137,496	184,848

16. Cúlchiste forfheidhmithe comhlíonta

	2010	2009
	€	€
Ag tús agus deireadh na bliana	1,500,000	1,500,000

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais ar lean

17. Réiteach an fharasbairr don bhliain leis an airgead tirim glan ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin

	2010 €	2009 €
Farasbarr don bhliain	485,666	419,155
Míreanna neamh-oibriúcháin		
Ús faighte	(139,272)	(243,376)
Míreanna neamh-airgid tirim		
Tarchuir (ó) chúlchiste caipitil CCSP	(47,352)	(52,665)
Dímheas	229,066	177,850
Laghdú ar fhéichiúnaithe	225,085	132,216
(Laghdú)/méadú ar chreidiúnaithe neamh-chaipitil	(55,431)	65,590
Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	697,762	498,770

18. Anailís ar na hathruithe ar chistí glana

	Ag 1 Eanáir 2010 €	Sreabhadh airgid €	Ag 31 Nollaig 2010 €
Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh	587,349	(159,921)	427,428
Taiscí gearrthéarmacha	6,125,655	720,643	6,846,298
	6,713,004	560,722	7,273,726

19. Láimhseáil cuntasáíochta do shochair scoir⁶

Reáchtálann an Bord scéim pinsean sochair shainithe dá fhostaithe. Tá struchtúr na scéime bunaithe ar Mhúnla na Seirbhíse Poiblí agus ceadaíthe ag an Aire Coimirce Sóisialaí agus ag an Aire Airgeadais. Tá sochair pinsean iníoctha faoin scéim maoinithe ag an Státhchiste.

Ina theannta sin, tá roinnt tréithe sainiúla luaite le socrúithe an Bhoird:

- déanann an Bord ranníocaíocht chomhaontaithe leis an Roinn Coimirce Sóisialaí
- bíonn gné fhostaí mar aon le gné fhostóra i gceist sa ranníocaíocht seo. Is ionann ranníocaíocht an fhostóra agus 25% de phá comhiomlán na bhfostaithe atá ag íoc ÁSPC ag ráta A agus 30% de phá comhiomlán na bhfhostaithe atá ag íoc ÁSPC ag ráta D, agus is é an Bord a íocann é
- tá tiomantas follasach ann ón Roinn Coimirce Sóisialaí, le comhaontú na Roinne Airgeadais, go mbeidh an Státhchiste freagrach as costas na sochar de réir mar a bheidh siad dlite.

Measann an Bord go bhfuil an éifeacht airgeadais chéanna, ó thaobh an Bhoird de, ag a chuid socrúithe pinsean mar atá luaite thuas le scéim ranníocaíochta sainmhínithe Measann sé nach bhfuil forálacha an Chaighdeáin Tuairiscithe Airgeadais 17, Cuntasáíocht do Shochair Scoir, a eascraíonn ó scéimeanna sochair shainithe oiriúnach. Dá réir sin déanann sé cuntasáíocht dá ranníocaíocht amháil is dá mba scéim ranníocaíochta sainithe a bhí i gceist sa scéim.

⁶ Féach nóta 3.

Seo a leanas na hasbhaintí agus na ranníocaíochtaí aoisliúntais iomlána tarchurtha chuig an Roinn Coimirce Sóisialaí:

	2010 €	2009 €
Gnáth-ranníocaíochtaí an fhostóra	543,090	663,255
Gnáth-ranníocaíochtaí an fhostaí	118,577	135,172
Tobhach pinsin ⁷	146,126	136,537
	807,793	934,964

⁷ Asbhainte ó bhaill foirme agus tarchurtha chuig an Roinn Coimirce Sóisialaí de bhua an Achta um Bearta Airgeadais Éigeandála ar mhaithe le Leas an Phobail, 2009.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais ar lean

20. Comhaltaí boird – nochtadh idirbheart

Tá Cód Iompair Ghnó i bhfeidhm ag an mBord d'fhostaithe agus do chomhaltaí Boird de réir an Chóid Chleachtais um Rialachas na gComhlachtaí Stáit. Áiríonn an cód seo treoir maidir le nochtadh leasanna ag comhaltaí an Bhoird agus tá an Bord tar éis cloí leis na nósanna imeachta seo i rith na bliana. Ó am go ham baineann an Bord leas as seirbhísí chomhairligh seachtracha atá cáiliúil go cuí chun tascanna a chur i gcrích le cabhrú leis an mBord a chuid oibre a dhéanamh. Tá a leithéid de shocruithe conartha faoi réir ghnáth-nósanna imeachta tairisceana, atá i bhfeidhm ar fud na seirbhíse poiblí. Is cinneadh gnó don Bhord é conradh a bhronnadh d'aon tionscadal ag tabhairt aird ar riachtanais na hoibre atá le déanamh. I bhfianaise nádúr a chuid oibre is féidir leis an mBord dul i mbun socruithe conartha le gealltanais ina bhfuil comhaltaí Boird fostaithe nó ina bhfuil suim eile acu.

I rith 2010, íocadh suim €12,732, CBL san áireamh, le Attain Consulting as dhá chonradh, gnóthas ina bhfuil comhalta reatha den Bhord, Phelim O'Reilly, ina fhostaí. Bronnadh na conarthaí i gceist roimh an 21 Nollaig 2010, an dáta ar ceapadh an tUas. O'Reilly ina chomhalta Boird.

Chomh maith leis sin, íocadh suim €1,089, CBL san áireamh, i ndáil le conradh amháin le Willis Ireland, gnóthas ina bhfuil comhalta reatha den Bhord, Kevin Finucane, ina fhostaí. Bronnadh an conradh i gceist roimh an 21 Nollaig 2010, an dáta ar ceapadh an tUas. Finucane ina chomhalta Boird.

21. Cánachas

Tá an Bord díolúnach ó Cháin Chorparáideach faoi Alt 220 den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997.

22. Figiúirí comparáideacha

Tá roinnt athruithe déanta ar leagan amach na míreanna sna ráitis airgeadais agus tá na figiúirí comparáideacha sonraithe an athuair nuair is gá, ar bhonn atá comhsheasmhach le leagan amach na bliana reatha.

23. Faomhadh na ráiteas airgeadais

D'fhaomh an Bord na ráitis airgeadais ar 9 Bealtaine 2011.

Nótaí

Nótaí

An Bord Pinsean
Teach Verschoyle
28/30 Sráid an Mhóta Íochtarach
Baile Átha Cliath 2

Guthán: (01) 613 1900
Facs: (01) 631 8602
Glao Áitiúil: 1890 65 65 65

www.anbordpinsean.ie

ISSN 1649 8690